

2016 Annual Report

Tuarascáil Bhliantúil 2016



Clár

Focal leis an gCoimisinéir	1
1 An Coimisiún um Rialáil Iarnróid	5
2 Córais Bhainistíochta Sábháilteachta	6
2.1 Forbairtí maidir le CBSanna	6
2.1.1 Iarnród Éireann	6
2.1.2 Eagraíochtaí Iarnróid Éadrom	7
2.1.3 Iarnród Oidhreacht	7
2.2 Mar a Chomhlíon Iarnród Éireann a CBS	7
2.2.1 Bainistíocht Straitéiseach na Sábháilteachta in Iarnród Éireann	8
2.2.2 Gníomh tar éis Saincheisteanna maidir le Neamh-Chomhlíonadh a bheith sonraithe ..	9
2.2.3 Bailíochtú ó thaobh na sábháilteachta d'athruithe eagraíochta ag Iarnród Éireann	9
2.2.4 Torthaí Iniúcháireachta ar CBSanna in 2016	11
2.3 Mar a Chomhlíon Eagraíochtaí Iarnróid Eile a SBS	11
2.3.1 Iarnród Thuaisceart Éireann	11
2.3.2 <i>Railway Preservation Society of Ireland</i>	11
2.3.3 <i>Balfour Beatty Rail Ireland</i>	12
2.3.4 <i>Transdev (LUAS)</i>	12
2.4 Eachtraí Oibriúcháin ag Iarnród Éireann	13
2.4.1 Comharthaí Contúirte a nDeachthas Tharstu (SPADs)	13
2.4.2 Traein RPSI a bheith ag oibriú i gcomhthéacs neamhghách ag Mainistir na Corann	14
2.4.3 Eachtraí Oibriúcháin Eile	14
2.5 Eachtraí Oibriúcháin ar Iarnród Éadroma	15
2.6 Mar a Cuireadh Moltaí Sábháilteachta i nGníomh	15
2.6.1 Moltaí a d'eascar as Iniúcháireachtaí agus Cigireacht Iar-Eachtra an CRI	16
2.6.2 Moltaí Sábháilteachta a d'eascar as Imscrúduithe an AITI	19
2.7 Caidreamh oibre idir Iarnród Éireann agus an CRI	20
2.7.1 Dul Chun Cinn i rith 2016	21
2.7.2 Amach Anseo	22
3 Údarú le Cur i mbun Seirbhíse	22
3.1 Rothstoc	22
3.1.1 Tionscadal Athchóirithe an <i>Enterprise</i>	22
3.1.2 Traein Turasóirí an <i>Belmond Grand Hibernian</i>	23
3.1.3 Bonneagar Iompair Éireann – Tramanna Citadis 502	23
3.1.4 Aonán i gCeannas ar an gCothabháil	23
3.1.5 Iarnród Éireann – Inneall Ar Na Rianta	24
3.1.6 Iarnród Oidhreacht	24

3.2	Bonneagar	24
3.2.1	LUAS Traschathrach	24
3.2.2	Droichid	25
3.2.3	Iarnróid Oidhreachta	25
3.2.4	Bealaí Cábla	25
3.2.5	Ionad Náisiúnta Rialaithe Traenacha	25
3.2.6	Brainse Fhainge	26
3.2.7	Breisiú Teicniúil ag Crosairí Comhréidhe arna nOibriú ag an Úsáideoir	26
3.3	Comharthaíocht agus Teileachumarsáid	26
3.3.1	Painéal Ríomhaire Pearsanta chun Éigeandálaí a Rialú	26
3.3.2	Tionscadal Athchomharthaíochta Lár Bhaile Átha Cliath	26
3.3.3	Córas Uilíoch le haghaidh Cumarsáide Soghluaiste – Iarnród (GSM-R)	27
3.3.4	Córas Hibrideach Iarnród Éireann	27
3.3.5	Aistriú chuig CBTIE	28
3.4	Beartas Náisiúnta Cosanta Traenacha	28
3.5	Ceadúnú Tiománaithe Traenach	29
4.	Maoirseacht & Forfheidhmiú	30
4.1	Iniúcháireacht ar an gComhréireacht (Maoirseacht Réamhghníomhach)	30
4.1.1	Scrúduithe Iar- Eachtra (Maoirseacht Fhrithghníomhach ar Thionóiscí nó Eachtraí)	33
4.1.2	Forfheidhmiú	33
4.1.3	Monatóireacht ar Shaincheistean Teicniúla	34
4.1.4	Cigireacht	35
4.1.5	Cruinnithe Maoirseachta	36
4.1.6	Buairimh an Tionscail	36
4.1.7	Uirill	36
5	Reachtaíocht a Chomhchuibhiú le Treoracha & Rialacháin ón Eoraip	37
5.1	An Ceathrú Pacáiste Iarnróid	37
5.2	Pointí a dTeagmhaíonn Bóithre agus Iarnróid le chéile	38
6	Feidhmeanna maidir leis an Margadh a Rialáil	39
6.1	Comhlacht Monatóireachta Neamhspleách	39
6.2	Údarás Ceadúnúcháin	39
6.3	Comhlacht Rialála	40
7	Rialachas Corparáideach agus Riarachán	40
7.1	Cúrsaí Airgeadais	40
7.2	Ráiteas faoin gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais	40
7.2.1	Próisis maidir le Cúrsaí Airgeadais a Rialú	41
7.2.2	Dualgais Chánach a Chomhlíonadh	41

7.2.3	Taisteal agus speansais	41
7.3	Tiomantas don Ghaeilge	41
7.4	Saoráil Faisnéise	41
7.5	Cairt Chustaiméirí	41
7.6	Bainistíocht Rioscaí	41
7.7	Cód um Eitic agus Iompar Gnó	42
7.8	Ráiteas Straitéise 2015-2017	42
7.9	Suíomh Idirlín	42
8	Ag Breathnú Amach Romhainn	42

Tá an CRI buíoch de Neil Dinnen as ucht cead lena chuid íomhánna faoi chóipcheart a úsáid sa tuarascáil seo.

Focal leis an gCoimisinéir

Chun Alt 28(3) den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 a chomhlíonadh, tá ceangal ar an gCoimisiún um Rialáil Iarnróid tuarascáil bhliantúil a chur i láthair an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Soláthraíonn an Tuarascáil seo forléargas ar ghníomhaíochtaí an CRI, lena n-áirítear a fheidhmeanna rialála, riaracháin agus rialachais, don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2016.

Lean an CRI ar aghaidh le bheith ag feidhmiú a fheidhmeanna i gcaitheamh 2016 de réir na Reachtanna agus Rialachán. Forordaítear i reachtaíocht Eorpach agus náisiúnta na modhanna lena measúnaítear córais bhainistíochta sábháilteachta maidir le comhfhoirmeacht, lena measúnaítear bonneagar iarnróid nua nó atá athraithe go suntasach, agus feithiclí iarnróid le féachaint an gcomhlíonann siad ceanglais sábháilteachta sula gcuirtear i mbun seirbhíse iad, agus lena ndéantar maoirseacht ar eagraíochtaí iarnróid lena chinntiú go bhfeidhmíonn agus go gcomhlíonann siad a gcóras bainistíochta sábháilteachta. Tugtar mionsonraí i gCodanna 2, 3 & 4 den tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí a rinne an CRI i rith 2016 chun na ceanglais sin maidir le rialáil sábháilteachta a chomhlíonadh. Déantar cur síos ar ghníomhaíochtaí an CRI i leith a fheidhmeanna rialála margaidh faoin Treoir maidir le Limistéar Iarnróid Eorpach Aonair, faoi mar a léirítear in I.R. Uimh. 249 de 2015, i gCuid 6 agus tugtar aghaidh ar ghnóthaí ó thaobh rialachais chorparáidigh agus riaracháin i gCuid 7.

I mí na Nollag 2015, ceapadh beirt Stiúrthóirí neamhfheidhmeacha nua ar Bhord Iarnród Éireann (IÉ), agus ghlac siad lena róil go luath in 2016. Tá an bheirt acu ina nInnealtóirí Cairte a raibh poist mar fheidhmeannaigh shinsearach acu roimhe laistigh d'earnáil iarnróid na Ríochta Aontaithe. Ábhar suntais is ea an fhorbairt sin lena dtugtar saibhreas saineolais ar an tsábháilteacht iarnróid agus ar chúrsaí oibriúcháin agus innealtóireachta don Bhord, rud a gcuireann an CRI fáilte roimhe.

Faoi mar a taifeadadh i dtuarascáil bhliantúil an CRI i gcomhair 2015, tháinig sé chun bheith soiléir go raibh IÉ ag glacadh cur chuige i leith na rialála sábháilteachta a bhí difriúil go maith agus tháinig crua ar an gcaidreamh oibre a bhí i réim idir IÉ agus an Rialtóir i gcaitheamh 2015, rud nárbh fhéidir glacadh leis. Níor tháinig feabhas ar an idirghníomhaíocht idir an IÉ agus an Rialtóir le linn na chéad mhíonna de 2016, agus dar leis an CRI, chuaigh sé i ndonacht tuilleadh. Tugtar cur síos i bhFo-Chuid 2.7 den tuarascáil seo ar chéimeanna a glacadh i rith na bliana le haghaidh a thabhairt ar na nithe ab údair imní don CRI iad agus, go háirithe ar an dul chun cinn a rinneadh trí líne chumarsáide oscailte a bunaíodh leis an mBord, rud a chuaigh chun tairbhe an chaidrimh. Tá tuiscint níos fearr ann anois cuide le feasacht níos mó ar leibhéal an Bhoird ar na nithe a bhí ina n-údair imní don CRI ó thaobh na sábháilteachta, rud a thugann le fios go mb'fhéidir go mbeidh cúrsaí níos fearr amach anseo.

Ó thaobh na réimsí sin a leagadh amach i dTuarascáil Bhliantúil 2015 mar na réimsí ar a ndíreofaí fócas ar leith i rith 2016, tá an CRI tar éis a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh mar seo a leanas:

- Feidhmeanna maoirseachta a fheidhmiú de réir Reachtanna agus Rialachán go mbeidh dearbhú ann i gcónaí go gcomhlíonann eagraíochtaí iarnróid a gcuid oibleagáidí dlíthiúla maidir lena gCórais Bhainistíochta Sábháilteachta faoi seach a fheidhmiú agus maidir le héifeachtacht na gcóras sin
 - Lean gníomhaíochtaí maoirseachta ar aghaidh i gcaitheamh 2016 trasna gach aonán faoi rialáil an CRI;

- Monatóireacht a dhéanamh ar mar a chuireann eagraíochtaí iarnróid moltaí an CRI agus ón AITI i ngníomh – moltaí atá dírithe ar an tsábháilteacht iarnróid a fheabhsú, agus bearta forfheidhmiúcháin a fheidhmiú i gcásanna riachtanacha lena chinntiú go gcomhlíonfar iad
 - Tá dul chun cinn seasmhach déanta ó thaobh moltaí a chur i gcrích ag dhá rannán gnó iarnróid Éireann agus a riaráiste i ngach catagóir á laghdú acu, agus ba cheart go dtiocfaidh tuilleadh laghdaithe ar an riaráiste i rith 2017;
- Idirghníomhaíocht leanúnach le gnó Ghnóthas Iarnróid Iarnród Éireann ar mhaithe le deimhniú an Aonáin i gCeannas ar an gCothabháil (ACC) a chur i bhfeidhm de réir a chéile le haghaidh na bhflíteanna paisinéirí agus gluaisteoirí ar fad
 - Tháinig an ghníomhaíocht seo chun stad i mí Mheáin Fómhair 2016 mar gheall ar chinneadh Iarnród Éireann gan dul ar aghaidh tuilleadh ag an am sin le Fianú Comhréireachta dá fhlít Carranna Iarnróid Idirchathrach;
- Idirghníomhaíocht leanúnach le gnó Bhainisteoir Bonneagair Iarnród Éireann i leith údarú na sábháilteachta do chóras cosanta traenach *IEHS* agus do chóras raidió traenach *GSM-R*
 - Tá dul chinn cinn maidir le tionscadal *IEHS* mall, ach tá tionscadal an *GSM-R* ag dul ar aghaidh gu maith agus deireadh le teacht le Céim 1 (lónra an DART) in 2017, agus a chur sin i bhfeidhm de réir a chéile ar an lónra le dul ar aghaidh ina dhiaidh sin;
- Idirghníomhaíocht leanúnach le Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) sa mheasúnacht sábháilteachta ar na hoibreacha nua a bhaineann le síneadh Traschathrach an LUAS
 - Tá an próiseas, as a dtiocfaidh Údarú chun síneadh traschathrach an LUAS a Chur i mBun Seirbhíse, ag dul ar aghaidh go maith, agus tá an CRI ag oibriú le BIÉ i dtreo dáta oibriúcháin i mí na Nollag 2017;
- Na ceanglais go n-údarófar sábháilteacht fhlít athchóirithe an *Enterprise* a thabhairt chun críche le *Translink* – Iarnróid Thuaisceart Éireann (ITÉ) agus IÉ
 - Cé gur thainig fadhbanna teicniúla chun cinn ar dtús leis na feithiclí athchóirithe nuair a cuireadh i mbun seirbhíse an athuir iad, tugadh aghaidh ar na fadhbanna sin agus deonaíodh údarú iomlán le haghaidh seirbhíse i mí na Nollag 2016;
- Idirghníomhaíocht le *Belmond Ltd* ar mhaithe le traein sóchais do thurasóirí an *Belmond Grand Hibernian* a údarú ó thaobh na sábháilteachta
 - Chuaigh tionscadal thraein turasóirí an *Belmond* ar aghaidh de réir a sceidil agus tharla na trialacha tosaigh go luath i mí Lúnasa agus cuireadh tús leis an gcéad chamchuairt an 30^ú Lúnasa 2016;
- Monatóireacht leanúnach ar mar a chomhlíon Iarnród Éireann ceanglais Threoir 2012/34/AE i ndáil leis an Limistéar Iarnróid Eorpach aonair
 - Leanann an CRI ar aghaidh le bheith ag forbairt a réimis mhonatóireachta i gcomhair chonradh ilbhliantúil an Bhainisteora Bonneagair, lena n-áirítear anois a bheith ag díriú ar mhíreanna sonracha chun imscrúdú níos doimhne a dhéanamh ar aschuir agus ar chaiteachas;
- Cuid mhaith de na próisis agus nósanna imeachta inmheánacha, a bhaineann le Córais Bhianisteoireachta Cáilíochta (CBC) an CRI, tugtha chun críche agus curtha i gcrích

- Tá saineolas seachtrach fostaithe ag an CRI chun comhairle agus tacaíocht a sholáthair maidir lena CBC a chur i ngníomh, agus táthar tar éis glacadh le spriocdháta Mheitheamh 2017 chun iarratas a chur isteach ar dheimhniú ISO;
- Comhoibriú leanúnach le, agus tacaíocht theicniúil leanúnach don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (RITS) le tagairt ar leith don 4^ú Pacáiste Eorpach Iarnróid a chur i ngníomh.
 - Tá tús curtha le hobair i leith na Treoracha athmhúnlaith agus leasaithe ón AE a thrasuíomh isteach i reachtaíocht náisiúnta, tasc a chaithfear a chríochnú roimh na dátaí deiridh faoi seach;

Chun cinntiú go mbeidh leordhóthain eolais agus scileanna ábhartha, a bhaineann le cúrsaí iarnróid go sonrach, ar fáil laistigh den eagraíocht, earcaíodh beirt Chigirí bhreise d'fhoireann an CRI i rith an chéad ráithe de 2016 chun folúntais a líonadh. Leanann tuilleadh forbartha gairmiúla ar aghaidh do gach ball d'fhoireann an CRI, agus tá aon chéimí innealtóireachta amháin fostaithe ar chonradh lena mbaineann téarma seasta faoi chlár oiliúna an CRI do chéimithe. Bíonn forbairt ghairmiúil leanúnach do bhaill den fhoireann teicniúil ag rannchuidiú leis an CRI, a mhéid is a bhíonn sé ag brath ar shaineolaithe seachtracha dá chuid gníomhaíochtaí lárnacha, a íoslaghdu.

De réir Rialacháin 4(2) de I.R. Uimh. 444 de 2013, cuirfidh gach bainisteoir bonneagair agus gnóthas iarnróid, tráth nach déanaí ná an 30ú Meitheamh i ngach bliain, tuarascáil bhliantúil um shábháilteacht faoi bhráid an CRI maidir leis an mbliain roimhe. Déanfaidh an CRI faisnéis staitistiúil a bhaineann le feidhmiú na n-eagraíochtaí iarnróid ó thaobh na sábháilteachta, faoi mar a cuireadh faoina bhráid sna tuarascálacha bliantúla sin, a anailísiú agus a fhoilsiú ag deireadh R3, 2017, i dtuarascáil ar leithligh. Tá tuarascálacha staitisiúla ó bhlianta roimhe ar fáil ar shuíomh idirlín an CRI www.crr.ie

Forbairt a tharla i rith na bliana arbh ábhair shuntais í ab ea seirbhísí rialta do phaisinéirí a bheith tugtha isteach an athuair ón 21^ú Samhain thar líne na raonta dúbailte idir Gabhail Dhroichead na hInse agus Ghlas Naíon, rud lenar soláthraíodh seirbhís as an Droichead Nua agus Hazlehatch, trí Dhroim Conrach, chuig Stáisiún Uí Chonghaile, Sráid na Teamhrach, na bPiarsach agus Dhuga na Canálach Móire. Toisc nach raibh aon athrú substaintiúil ar bhonneagar, a bhí ann cheana féin, ina chuid den tionscadal seo, seachadadh bainistíocht rioscaí don tsábháilteacht agus dearbhú ó thaobh na sábháilteachta de réir na nósanna imeachta a ndearnadh cur síos orthu i gcóras bainistíochta sábháilteachta Bhainisteoir Bonneagair IÉ.



Grianghraf: le caoinchead ó Sean Kennedy

Tá an CRI ina bhall de ghrúpa lárnach na Comhairle Sábháilteachta Iarnróid Idirnáisiúnta agus glacann sé páirt sna comhdhálacha bliantúla. Faoi mar a tugadh le fios ina Thuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2015, dearbhaíodh go mbeidh an CRI ina eagraíocht óstála do chomhdháil 2018 atá le reáchtáil i mBaile Átha Cliath. Tá seirbhísí eagraitheora gairmiúil comhdhálacha fostaithe chun cabhrú leis an CRI san ullmhúchán i gcomhair imeacht 2018, agus chuir toscairí an CRI pleananna i láthair do ghrúpa lárnach na Comhairle Sábháilteachta i rith chomhdháil 2016 na Comhairle, a reáchtáladh i bPáras na Fraince, i mí Dheireadh Fómhair, agus ceadaíodh na pleananna ansin.

Mar chonclúid, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine ar fhoireann an CRI as a rannchuidiú lenár ndualgais reachtúla a chomhlíonadh i rith 2016. Leanfaidh an CRI ar aghaidh le bheith ag síordhíriú ar a thiomantas chun sábháilteacht na n-iarnród a thabhairt chun cinn, le rochtain chothrom ar bhonneagar iarnród Éireann a chinntiú, agus le monatóireacht a dhéanamh ar inbhuanaitheacht bhonneagar na n-iarnród trom in Éirinn.



Gerald Beesley

Coimisinéir um Rialáil Iarnróid

Márta 2017

1 An Coimisiún um Rialáil Iarnróid

Is é an Coimisiún um Rialáil Iarnróid (CRI) an t-údarás inniúil ar a bhfuil freagracht as tacú leis an Stát a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi na Treoracha éagsúla ón AE is infheidhme i leith na hearnála iarnróid. Tá freagracht air as maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht na sábháilteachta ag na heagraíochtaí iarnróid éagsúla a oibríonn laistigh den Stát agus as monatóireacht a dhéanamh ar inbhuanaitheacht líonra iarnród Éireann agus as rochtain ar an líonra sin a rialáil.

Ról rialála is ea ról sábháilteachta an CRI – níl ról oibriúcháin aige maidir leis an tsábháilteacht a bhainistiú ar bhonn laethúil; is ar na heagraíochtaí iarnróid éagsúla a bhíonn an dualgas sin. Is é sainchúram reachtúil an CRI a chinntiú go mbíonn Córais Bhainistíochta Sábháilteachta (CBS), atá de réir cheanglais na reachtaíochta, forbartha, curtha i ngníomh agus á gcomhlíonadh ag gach eagraíocht iarnróid.

I gcomhthéacs na Treorach 2004/49/CE ón Eoraip (Treoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid), is é an CRI an tÚdarás Náisiúnta Sábháilteachta don earnáil iarnróid i bPoblacht na hÉireann. Mar an ghníomhaireacht rialála neamhspleách ar a bhfuil sé curtha de dhualgas maoirseacht a dhéanamh ar shábháilteacht na ngníomhaíochtaí iarnróid ar fad, ceanglaítear ar an gCoimisiún a chinntiú go dtuigeann agus go mbainistíonn gach eagraíocht iarnróid a fheidhmíonn sa Stát an riosca ó thaobh na sábháilteachta a bhaineann lena cuid oibriúchán go héifeachtach. Baintear é sin amach ar thrí bhealach:

- **Measúnacht ar an gComhfhoirmeacht** – Córais Bhainistíochta Sábháilteachta (CBS) a Mheasúnú lena chinntiú go gcomhlíonann siad gach ceanglas sula mbronnfar údarú ó thaobh na sábháilteachta de nó deimhnithe sábháilteachta orthu, agus bonneagar iarnróid nua, nó atá athraithe go suntasach, agus rothstoc nua a mheasúnú lena chinntiú go gcomhlíonfar ceanglais maidir leis an tsábháilteacht sula gcuirfear iad i mbun seirbhíse
- **Maoirseacht ar Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú** – Iniúcháireacht a dhéanamh ar an mbealach a chomhlíontar na nósanna imeachta agus na caighdeáin arna bhforordú i ngach CBS dá gceadaítear, agus cigireacht a dhéanamh ar shócmhainní iarnróid le measúnú an bhfuil critéir, maidir lena oiriúnaí atá atá siad dá gcuspóir, á gcomhlíonadh. Dearbhaítear go mbíonn moltaí ó thaobh na sábháilteachta de á gcomhlíonadh trí mhonatóireacht a dhéanamh ar phleananna leis na moltaí sin a chur i ngníomh agus trí imeachtaí forfheidhmiúcháin a thionscnamh i gcás gur gá
- **Reachtaíocht a Chomhchuibhiú le Treoracha & Rialacháin ón Eoraip** – Ag tacú le reachtaíocht náisiúnta a chomhchuibhiú le Treoracha agus Rialacháin ón Eoraip, agus ag cinntiú go mbeidh an bealach, ina chuirfear bearta gaolmhara teicniúla agus bearta gaolmhara maidir le nósanna imeachta i ngníomh dá bharr, ag teacht le ceanglais éigeantacha Eorpacha.


Ó thaobh na Treorach ón Eoraip 2012/34/AE, faoi mar atá léirithe in I.R. Uimh. 249 de 2015, is é an CRI an Comhlacht Rialála, an tÚdarás Ceadúnúcháin agus an Comhlacht Monatóireachta Neamhspleách don earnáil iarnróid throim sa Stát. Áirítear iad seo a leanas lena fheidhmeanna rialála:

- **Gnóthais Iarnróid a Cheadúnú** i gcás gur mian leo oibriú ar líonra iarnród Éireann
- **Monatóireacht Neamhspleách** ar an gConradh Ilbhliantúil atá idir an tAire agus gnó Bhainisteoir Bonneagair Iarnród Éireann (Ní leor ioncam rochtana amháin le costais seasta oibriúcháin agus chothabhála stáit an líonra a sheasamh), agus
- **Breithniú maidir le gearáin** a bhaineann le líonra iarnród Éireann a rochtain.

Tá aon Bhainisteoir Bonneagar amháin san earnáil iarnróid in Éirinn (Iarnród Éireann) a bhíonn freagrach as líonra oibriúcháin 1,700km de bhealaí iarnróid, móide thart faoi 135km de bhealaí iarnróid atá ina línte neamhoibriúcháin; agus as ceithre Ghnóthas Iarnróid a oibríonn ar líonra Iarnród Éireann (Iarnród Éireann, Iarnród Thuaisceart Éireann, *Railway Preservation Society of Ireland*, agus *Balfour Beatty Rail Ireland*). Lena chois sin, tá 37km de bhealaí iarnróid ann i gcóras iarnróid éadroim i mBaile Átha Cliath (LUAS) agus tá naoi n-Iarnród Oidhreachta caola féinchoinnithe ann, nach bhfuil ach sé chinn díobh i mbun oibriúcháin faoi láthair.

Ó thaobh mhéid an líonra agus fairsinge na n-oibríochtaí, is é Iarnród Éireann an eagraíocht iarnróid is mó a bhíonn faoi rialáil an CRI – i bhfad níos mó ná ceann ar bith eile. B'ionann é agus 79% de ghníomhaíochtaí oibre an CRI in 2016, agus léirítear seo in ábhar na Tuarascála Bliantúla.

Dáileadh ghníomhaíochtaí oibre an CRI, 2016



2 Córais Bhainistíochta Sábháilteachta

Go dtí thart faoi 30 bliain ó shin, is ar réamhtheachtaí teicniúla agus aonair go príomha a díriodh imscrúduithe ar na nithe ba bhunúdar le tionóiscí, m.sh. cliseadh trealamh agus earráidí ag daoine. Níos déanaí, aithníodh go mbíonn fachtóirí eagraíochtúla agus córasacha i gceist agus leis sin, cuireadh an ról a d'imir baill bhoird, feidhmeannaigh, bainisteoirí agus daoine eile chun suntais.

Téann cinnteoireacht straitéiseach i bhfeidhm ar mar a leithdháiltear acmhainní agus pearsanra agus léirítear leis a mhéad is a chuirtear luach ar an tsábháilteacht laistigh d'eagraíocht. Chomh maith leis an bpoitéinseal le cur le nithe is bunúdar le tionóiscí, téann cinnteoireacht ar leibhéal níos airde i bhfeidhm go mór ar chultúr eagraíochta agus ar fheidhmíocht ó thaobh cúrsaí gnó.

Cuirtear in iúl le Córas Bainistíochta Sábháilteachta de chuid eagraíochta cultúr na heagraíochta sin agus a chuid luachanna, físe, tosaíochtaí, ceannaireachta, norm, srl., agus tagann an CBS de thoradh na nithe sin freisin. Ba cheart go mbreathnófaí ar an CBS mar luach eagraíochta seachas oibleagáid rialála. Ba cheart go nglacfadh an bhainisteoireacht sinsearach 'seilbh' air agus go n-úsáidfí é mar uirlis lenar féidir sábháilteacht a fheabhsú go leanúnach.

2.1 Forbairtí maidir le CBSanna

2.1.1 Iarnród Éireann

Lean Bainisteoir Bonneagair Iarnród Éireann (IÉ-BB) ar aghaidh le bheith ag feidhmiú i gcaitheamh 2016 faoin Údarú Sábháilteachta ar dheonaigh an CRI dó an 25^ú Márta 2013, údarú a bheidh bailí ar feadh tréimhse cúig bliana faoi réir IÉ a bheidh ag comhlíonadh oibleagáidí an CBS ar bhonn leanúnach.

Ar an gcaoi chéanna, maidir leis an gceithre Gnóthas Iarnróid a ghluaiseann ar líonra IÉ, Gnóthas Iarnróid Iarnród Éireann (GI -IÉ), *Translink* – Iarnród Thuaisceart Éireann (ITÉ), *Balfour Beatty Rail Ireland (BBRI)* agus an *Railway Preservation Society of Ireland (RPSI)*, lean siad ar aghaidh le bheith ag feidhmiú i rith 2016 faoina gcuid Deimhnithe Sábháilteachta faoi seach, a eisíodh mar seo a leanas:

Eagraíocht Iarnróid	Dáta Eisithe	Tréimhse Bhailíochta*	Dáta Éaga
GI-IÉ	25 ^ú Márta 2013	5 bliana	24 ^ú Márta 2018
ITÉ	1 ^ú Meán Fómhair 2013	5 bliana	31 ^ú Lúnasa 2018
BBRI	25 ^ú Lúnasa 2015	3½ bliana	23 ^ú Feabhra 2019
RPSI	19 ^ú Nollaig 2014	5 bliana	18 ^ú Nollaig 2019

* Faoi réir a bheith ag leanúint ar aghaidh le bheith ag comhlíonadh oibleagáidí CBS

2.1.2 Eagraíochtaí Iarnróid Éadrom

Lean LUAS ar aghaidh le bheith ag feidhmiú i gcaitheamh 2016 faoin Deimhniú Bainistíochta Sábháilteachta a d'eisigh an CRI an 13^ú Márta 2015 chuig *Transdev Dublin Light Rail Ltd.*, a bheidh bailí ar feadh tréimhse cúig bliana

2.1.3 Iarnród Oidhreacht

An 30^ú Lúnasa 2016 d'eisigh an CRI Deimhniú Bainistíochta Sábháilteachta chuig Páirc Oidhreacht agus Fionnachtana Loilíoch Mór lenar tugadh cead dó a iarnród lúbtha 965m ar fad 3 troigh ar leithead a oibriú.

2.2 Mar a Chomhlíon Iarnród Éireann a CBS

Lean an CRI ar aghaidh go rathúil le bheith ag idirghníomhú le baill foirne bhuntábhachtacha ghairmiúla in dhá rannán gnó Bhainisteoir Bonneagair agus Ghnóthas Iarnróid IÉ agus iad a spreagadh le céimeanna a ghlacadh le feabhsuithe a chur i ngníomh ar mhaithe le sábháilteacht na n-iarnród. D'éist formhór mór na mball foirne buntábhachtacha dá leithéid le treoir agus orduithe an CRI.

Maidir le réimeas iniúchóireachta an CRI ar CBSanna, atá struchtúrtha agus á reáchtáil de réir cheanglais Rialáil (AE) Uimh. 1077/2012, tá an Có-Mhodh Sábháilteachta don Mhaoirseacht, deartha chun:

- Dearbhú go bhfuil CBS ceadaithe an tSealbhóra Dualgais á fheidhmiú agus á chomhlíonadh
- Éifeachtacht, oiriúnacht agus leordhóthaineacht an CBS a dhéanamh amach, le léiriú go bhfuil na Có-Mhodhanna Sábháilteachta is infheidhme á gcomhlíonadh, agus
- Cásanna nár comhlíonadh an CBS ina leith a shonrú chomh maith le réimsí feabhsúcháin ar na córais bhainistíochta, lena n-áirítear comhairliú faoi dhea-chleachtais

Lean an cur chuige a ghlac IÉ in 2015 agus é ag freagairt do chúrsaí, a d'aithin an CRI agus a bhain le bheith ag comhlíonadh cúrsaí ó thaobh na bainistíochta sábháilte, ar aghaidh trí chuid mhaith de 2016, agus cuirtear síos ar na céimeanna a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na nithe a bhí ina n-údar imní don CRI i gCuid 2.7 den tuarascáil seo. In ainneoin gur cuireadh crua ar an gcuidreamh oibre, lean an CRI ar aghaidh lena chuid iarrachtaí clabhsúr a thabhairt i bhfeidhm i leith na nithe sin nár thug IÉ aghaidh orthu go hiomlán chun sástacht an CRI faoi dheireadh 2015. Cuirtear síos sna codanna seo a leanas ar na céimeanna a ghlacadh i rith 2016.


2.2.1 Bainistíocht Straitéiseach na Sábháilteachta in Iarnród Éireann

Faoi mar a tugadh le fios inár dTuarascáil Bhliantúil 2015, aithníodh le hiniúcháireacht an CRI ar *Strategic Management of Safety within Iarnród Éireann* (eisíodh an tuairisc dheiridh air seo i mí Mheitheamh 2015), aithníodh roinnt saincheistanna bunúsacha a bhí ina n-údar imní níos fadtéarmaí. Bhain ceann amháin de na torthaí suntasacha le heaspa na tuairisceoireachta ó Bhainisteoirí Sábháilteachta do chruinnithe Bhord IÉ, rud as ar tháinig Cigireacht leanúna ón CRI, agus a gcuirtear mionsonraí faoi i láthair i bhfo-chuid 2.2.2 i láthair thíos.

Maidir le dhá shaincheist bhuntábhachtacha eile, ceann a bhaineann le cruthú Coiste Sábháilteachta de Bhord IÉ agus ceann eile a bhaineann le sainmhíniú físe i gcomhair na sábháilteachta, táthar ag déileáil leo trí líne chumarsáide oscailte a bunaíodh le Bord IÉ. Ag cruinniú le hionadaithe Bhord IÉ a reáchtáladh an 16^ú Meán Fómhair 2016, cuireadh in iúl don CRI go mbeadh IÉ ag tabhairt aghaidh ar an céad shaincheist trí athbhreithniú ar Rialachas Sábháilteachta ar chuir IÉ ceangal air féin tabhairt faoi.

Is é an fhís i gcomhair na sábháilteachta an bhunchloch chun cultúr eagraíochta a chothú lena n-aithnítear an tsábháilteacht mar luach lárnach. Bíonn Cultúr Sábháilteachta ina ghné den chultúr eagraíochta lena léirítear na luachanna agus tosaíochtaí ábhartha maidir leis an tsábháilteacht i ndáil le luachanna agus tosaíochtaí eile. Tá sé tugtha le fios ag Bord IÉ go bhfuil sé toilteanach an leibhéal, ar a bhfeidhmíonn Cultúr Sábháilteachta laistigh den eagraíocht faoi láthair, a dhéanamh amach, agus bíonn an CRI i gcónaí ar fáil chun treoir agus tacaíocht a sholáthar do IÉ agus an comhlacht á stiúradh féin ar chonair ón áit mar a bhfuil sé chuig an áit mar ar chóir dó a bheith i leith Cultúir Sábháilteachta.

Sa chomhthéacs seo, ba cheart tabhairt faoi deara go n-aithnítear leis an Treoir (AE) 2016/798, an Treoir athmhúnlaithu um Shábháilteacht Iarnróid, tábhacht an Chultúir Shábháilteachta i ndáil le feidhmíocht an duine. Tá Gníomhaireacht an AE d'Iarnróid agus meitheal na bhfachtóirí daonna de chuid *Union Internationale des Chemins de Fer (UIC)* tar éis a bheith ag obair ar chomhchonair maidir le Cultúr Sábháilteachta. Táthar ag glacadh le múnla éabhlóide Chultúir Sábháilteachta Hudson mar norm do limistéar iarnróid an AE de thoradh dlúth-chomhoibre idir an Ghníomhaireacht agus *Eurocontrol* (an Eagraíocht Eorpach do Shábháilteacht na Loingseoireachta Air).



Dréimire an Chultúir Sábháilteachta – tar éis an Oll. Patrick Hudson

2.2.2 Gníomh tar éis Saincheisteanna maidir le Neamh-Chomhlíonadh a bheith sonraithe

Le hiniúcháireacht an CRI ar Bhainistíocht Straitéiseach na Sábháilteachta laistigh de IÉ, dá tagraíodh san fho-chuid roimhe, sonraíodh cás nach raibh CBS BB-IÉ agus CBS GI-IÉ á gcomhlíonadh ina leith, agus gurbh amhlaidh sin ó Mhárta 2013. Bhain sin le heaspa na tuairisceoireachta ó Bhainisteoir Sábháilteachta BB-IÉ agus ó Bhainisteoir Sábháilteachta GI-IÉ do chruinnithe Bhord IÉ. Thionscain an CRI Cigireacht i mí Aibreáin 2015 le leanúint leis an scéal, chun déanamh amach cén fáth gurbh amhlaidh an scéal ar feadh tréimhse chomh fada agus chun na socruithe tuairisceoireachta iarbhír a bhí i bhfeidhm a shonrú lena chinntú go gcuirtear Bord IÉ ar an eolas faoi fheidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta agus mar a chomhlíontar an CBS.

Eisíodh tuairisc dheiridh na Cigireachta leanúna seo chuig IÉ an 29^ú Aibreán 2016 agus aithníodh ann dhá chás mhionchúiseacha nach raibh CBS á gcomhlíonadh ag IÉ ina leith, mar atá:

- Ba cheart go mbeidh sé taifeadta laistigh de CBS BB-IÉ go mbíonn ceanglas ar Stiúrthóir BB tuairisciú do chruinnithe Bhord IÉ, go bhfreastalódh sé nó sí ar a chruinnithe agus go gcuirfeadh sé nó sí tuairiscí i láthair ag na cruinnithe sin, agus
- Nach bhfuil BB-IÉ agus GI-IÉ ag comhlíonadh Alt 3 CBS-BB-008 agus Alt 3 CBS-GI-008 toisc nach mbíonn Bainisteoir Sábháilteachta an BB agus Bainisteoir Sábháilteachta an GI ag tuairisciú ar fheidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta do chruinnithe Bhord IÉ.

Aithníodh freisin leis an gCigireacht ocht réimse a raibh gníomh riachtanach ina leith go seachnófaí cás ina bhféadfaí gné den CBS a sháru. D'iarr an CRI ar IÉ Plean Feabhsúcháin a chur faoina bhráid lena dtabharfaí mionsonraí ar an ngníomh leasúcháin a raibh sé beartaithe acu a dhéanamh go dtabharfaí aghaidh ar chásanna dá leithéid. D'fhreagair IÉ don iarraidh ar Phlean Feabhsúcháin an 20^ú Bealtaine á rá go ndéanfaidís leasú ar Chaighdeán an CBS faoi seach. Ní raibh aon amharc ar aon cheann de na cáipéisí leasaithe faighte ag an CRI faoi dheireadh 2016 áfach.¹

2.2.3 Bailíochtú ó thaobh na sábháilteachta d'athruithe eagraíochta ag Iarnród Éireann

Faoi mar a tuairiscíodh i dTuarascáil Bhliantúil an CRI i gcomhair 2015, thug IÉ le fios don CRI i mí an Mhárta 2015 faoi athrú sna freagrachtaí maidir le Bainistíocht Soláthair, Ábhar agus Conarthaí i rannáin ghnó an BB agus an GI. Bhí imní ar an gCoimisiún go mb'fhéidir nár comhlíonadh cúrsaí a raibh baint bhunúsach acu le (1) neamhspleáchas na bhfeidhmeanna faoi CBS an BB agus CBS an GI faoi seach, ar dheonaigh an CRI Údarú Sábháilteachta agus ar eisigh sé Deimhnithe Sábháilteachta ar a mbonn siúd; agus (b) comhfhoirmeacht na CBSanna faoi seach le Treoir 2004/49/CE.

Dá thoradh sin, rinne an CRI athbhreithniú de bhun Rialachán 5 agus 6 de I.R. Uimh. 444 de 2013 agus chabhraigh DNV-GL leis lena thasc. Eisíodh tuairisc dheiridh an CRI ar a *Comprehensive Review 86/15-R* chuig IÉ an 5^ú Feabhra 2016. Leis an athbhreithniú, aithníodh cúig réimse mar arbh éigean feabhsúcháin a dhéanamh ar Chaighdeán an CBS go ndéanfaí an t-athrú eagraíochtúil a bhailíochtú ó thaobh na sábháilteachta, agus rinneadh moltaí le haghaidh a thabhairt ar 31 ábhar nár comhlíonadh an CBS ina leith ó thaobh an t-athrú eagraíochtúil a beartaíodh a bhailíochtú ó thaobh na sábháilteachta. D'iarr an CRI ar IÉ Plean Feabhsúcháin a chur faoina bhráid lena soláthrófaí mionsonraí ar an mbealach a dtabharfaí aghaidh ar na moltaí.

¹ An 4^ú Eanáir 2017 thug IÉ le fios don CRI go raibh CBS-GI-008 leasaithe dá réir, go raibh BB-CBS-001 and BB-CBS-008 athdhréachtaithe agus go bhfuil siad le faomhadh faoi dheireadh mhí Eanáir 2017, agus go gcuirfeadh fianaise, le leasuithe a rinneadh a thaispeáint, faoi bhráid an CRI ar an ngnáthbhealach in am trátha.

Seachas Plean Feabhsúcháin a chur faoina bhráid, mar a iarradh, scríobh IÉ chuig an CRI an 24^ú Feabhra á rá go ndeachaigh an t-eagrú athbhreithnithe ‘beo’ ar an lá céanna sin agus cheangail IÉ leis liosta de ráitis achomair faoin mbealach ar freagraíodh do gach moladh a tháinig chun cinn ón athbhreithniú.

Mar fhreagairt ar iarraidh an CRI ar mhionsonraí maidir leis an mbealach a raibh aghaidh le tabhairt ar na cúig mholadh uileghabhálacha a tháinig as an Athbhreithniú Cuimsitheach, thug IÉ le fios “nach raibh gníomh ar bith riachtanach” i leith dhá cheann de na moltaí; thug siad dátaí críochnaithe i leith dhá mholadh eile, ach níor sholáthair siad dáta críochnaithe don mholadh a bhí fágtha

Cé gur dhearbhaigh IÉ go raibh na torthaí a tháinig as an Athrbhreithniú Cuimsitheach léirithe ina larratas athbhreithnithe ar Bhailíochtú ó thaobh na Sábhaileachta, agus go raibh Deimhneithe Bailíochtaíthe Sábhaileachta nua eisithe dá bharr aige; rinne an CRI an pointe go luath i mí an Mhárta go raibh sé ag súil le fianaise a fháil faoin mbealach ar tugadh aghaidh ar chásanna nár comhlíonadh an CBS ina leith, agus d’iarr an CRI go foirmiúil ar IÉ fianaise cháipéiseach a sholáthar lena léireofaí na gníomhartha a rinneadh sa chaoi go bhféadfadh an CRI déanamh amach ar thug IÉ aghaidh mar ba chóir ar na saincheisteanna ar fad dá leithéid a aithníodh. Chun aon amhras a sheachaint, thug an CRI le fios do IÉ, i gcás go mbeidh cás, nár comhlíonadh forálacha na gcóras bainistíochta sábháilteachta ina leith, aitheanta ag an CRI, gurbh é an CRI an t-údarás inniúil a mheasúnóidh agus a dhéanfaidh cinneadh cibé ar tugadh aghaidh mar ba chóir ar na cásanna sin leis na bearta a rinneadh.

Tráth an Athbhreithnithe Cuimsitheach, bhí laige aitheanta ag an CRI i bpróiseas IÉ agus d’iarr an CRI ar IÉ gníomhú le haghaidh a thabhairt air. Maidir le fianaise, sholáthair an CRI soiléiriú do IÉ maidir le hábhair thuairisc an Athbhreithnithe Cuimsitheach agus leag amach liosta ábhar lena raibh an CRI ag súil le bheith ina bpáirt den slabhra fianaise i gcáipéisí, ag iarraidh ar IÉ an céanna a tháirgeadh gan mhoill; iarraidh a rinne an CRI arís dhá sheachtain níos déanaí an 11^ú Aibreán.

Mar fhreagairt, mhol IÉ don CRI breathnú ar a raibh ceangailte lena litir dar dháta an 24^ú Feabhra (liosta na ráiteas achomair faoin mbealach ar freagraíodh do gach moladh a tháinig chun cinn as an Athbhreithniú Cuimsitheach) agus cheangail IÉ sraith cháipéisí, nach raibh iomlán, leis an gcomhfhreagras mar fhreagairt ar iarraidh an CRI.

An 1^ú Iúil scríobh an CRI chuig IÉ á rá arís go raibh sé ag súil le fianaise a fháil ó IÉ faoin mbealach ar tugadh aghaidh ar na saincheisteanna maidir le neamh-chomhlíonadh a aithníodh i dTuairisc an Choimisiúin (86/15-R) sula ndeachaigh IÉ ar aghaidh leis an athrú eagraíochtúil a chur i ngníomh. Lena chois sin, rinneadh an pointe go ndúrthas sa tuairisc chéanna: “Ba cheart caighdeáin leasaithe a sheoladh ar aghaidh chuig an CRI go seiceálfar iad de réir critéir mheasúnachta comhfhoirmeachta sular scaoilfear iad lena n-úsáid; agus níl aon bhailíochtú eile ar shábháilteacht athruithe eagraíochtúla in IÉ le tarlú go n-údarófar na caighdeáin athbhreithnithe le húsáid.” Leis an litir chéanna seo, chuir an CRI in iúl do IÉ freisin go raibh sé ag tabhairt faoi mheasúnú eile, ar bhonn líon teoranta na gcáipéisí a sholáthair IÉ, chun a dhéanamh amach ar leor na bearta a rinne IÉ ina dhiaidh le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna.

D’eisigh an CRI a Thuairisc ar an *Review of the implementation by Iarnród Éireann of recommendations arising from RSC activity 86/15-R* an 23^ú Lúnasa 2016. Rinneadh amach san athbhreithniú, as measc an 36 moladh a bhí san Athbhreithniú Cuimsitheach, nach raibh ach 18 curtha i ngníomh go hiomlán, nach raibh ach cuid de 10 gcinn curtha i ngníomh, nár cuireadh 7 gcinn i ngníomh nó nár comhlíonadh iad, agus nárbh infheidhme 1 mholadh i ndáil leis an measúnú.

Faoi dheireadh 2016, bhí an CRI fós ag fanacht le freagairt IÉ don Tuairisc seo ar an measúnú eile a rinneadh air agus ar shaincheistean eile a tháinig chun cinn de bharr gur chuir IÉ athruithe i ngníomh go haontaobhach maidir le Bainistíocht Soláthair, Ábhar agus Chonarthaí. Tá sé de dhualgas ar IÉ deimhniú, chun sástacht an CRI, nach dtagann aon athruithe atá beartaithe salach ar cheanglais dlíthe reatha Eorpacha agus náisiúnta. Tá sé fós le léiriú go críochnúil ag IÉ go bhfuil siad ag comhlíonadh Airteagal 4.3 de Threoir 2004/49/CE.

Le cois cruinnithe a reáchtáladh le hionadaithe Bhord IÉ an 19ú Iúil 2016, agus le Cathaoirleach Bhord IÉ agus beirt Stiúrthóirí Neamhfheidhmeacha an 16ú Meán Fómhair 2016; sheol an CRI ar aghaidh chuig IÉ (an 2^ú Samhain) sceideal de shaincheistean a raibh gníomhartha eile fós riachtanach le déanamh ag IÉ ina leith. I ndáil le hathruithe de chuid IÉ maidir le Bainistíocht Soláthair, Ábhar agus Chonarthaí, chuir an CRI in iúl go raibh sé ina údar imní tromchúiseach gur chuir IÉ athruithe eagraíochtúla i ngníomh agus leordhóthain díchill in easnamh, ní amháin an chéad uair a feidhmíodh an próiseas bailíochtaithe sábháilteachta, ach den dara uair freisin, lenar theip ar IÉ a léiriú gur tugadh aghaidh ar gach toradh a aithníodh le hAthbhreithniú Cuimsitheach an CRI (86/15-R) ar bhealach leordhóthaineach.

Tá imní ar an CRI gur thug IÉ faoin dara bailíochtú sábháilteachta roimh an athbhreithniú, agus gur údaraíodh le haghaidh úsáide, Caighdeán chun athrú eagraíochtúil a bhailíochtú ó thaobh na sábháilteachta. Tá difríochtaí suntasacha tugtha isteach leis an athrú eagraíochtúil, faoi mar a cuireadh i ngníomh é, sa bhealach mar a dháiltear freagrachtaí ó na CBSanna faoi seach dá deonaíodh Údarú Sábháilteachta agus dá eisíodh Deimhnithe Sábháilteachta do IÉ ar an mbonn. Tá an pointe déanta ag an CRI, gan údarú sonrach ón CRI á dhearbhu nach dtéann na hathruithe a beartaíodh i bhfeidhm ar an gcomhfhoirmeacht le ceanglais CBS iarnróid an AE, go bhfuil seans maith ann go raibh IÉ, óna thaobh seo go háirithe, ag feidhmiú taobh amuigh a CBS ón 24ú Feabhra 2016.

2.2.4 Torthaí Iniúchóireachta ar CBSanna in 2016

Tugadh dhá iniúchóireacht ar CBSanna chun críche in 2016, lenar aithníodh trí chás mionchúiseacha maidir le neamh-chomhlíonadh agus naoi réimse mar a raibh gníomh riachtanach. Táthar ag tabhairt aghaidh ar na cúrsaí seo idir IÉ agus CRI trí na gnáthnósanna imeachta de chuid an CRI maidir le moltaí a leanúint. Tionscnaíodh trí iniúchóireacht bhreise ar CBSanna in 2016.

2.3 Mar a Chomhlíon Eagraíochtaí Iarnróid Eile a SBS

2.3.1 Iarnróid Thuaisceart Éireann

In 2016, thug an CRI faoi aon iniúchóireacht amháin ar CBS Iarnróid Thuaisceart Éireann (ITÉ), lenar díríodh ar *Northern Ireland Railways' management of Enterprise Rolling Stock Maintenance*. Rinneadh an iniúchóireacht i mí na Bealtaine agus eisíodh an tuairisc dheiridh an 26^ú Iúil 2016. Cuireadh dhá réimse chun solais mar a raibh gníomh riachtanach: (i) ITÉ le cinntiú go n-eiseofar cáipéisí oibre ina Leaganacha Deiridh, ní ina nDréachtaí, agus (ii) ITÉ le hathbhreithniú a dhéanamh le cinntiú an leor an riantú a dhéantar ar mhíleáiste traenacha agus ar fho-chóras.

2.3.2 Railway Preservation Society of Ireland

In 2016 thionscain agus chuir an CRI i gcrích aon iniúchóireacht amháin ar CBS lenar tugadh aghaidh ar *Railway Preservation Society of Ireland's Management of Training & Competence*. Níor aithníodh aon neamh-chomhlíonadh leis, ach bhí trí réimse ann mar a raibh gníomh riachtanach le poitéinseal go dtarlódh neamh-chomhlíonadh a sheachaint. Áirítear iad seo a leanas i measc na bpríomh-shaincheistean lena bhféadfar go gcaithfidh bainisteoireacht RPSI aird a thabhairt orthu de thoradh na hiniúchóireachta:

- Bainistíocht na dtaifead inniúlachta agus tréimhsiúlacht an athscrúdaithe ar / an ath-fhaisnéisithe do gach ball foirne, agus
- Filleadh ar nósanna imeachta oibre a chur i ngníomh d'oibrithe deonacha agus d'oibrithe tar éis tréimhse fada ar falbh.



2.3.3 Balfour Beatty Rail Ireland

Oibríonn agus cothabhálann *Balfour Beatty Rail Ireland (BBRI)* flít na n-Inneall Ar Raonta de chuid IÉ. Ní mór Deimhniú Sábháilteachta a bheith ag *BBRI*, lena ndearbhaítear comhfhoirmeacht a CBS le ceanglais an AE chun oibriú ar líonra IÉ, leis na hInnill sin a ghluaiseacht ón iosta chuig láithreáin oibre, agus idir láithreáin oibre.

Déanann an CRI maoirseacht ar fheidhmiú agus ar éifeachtacht CBS *BBRI* agus thionscain iniúchóireacht sa 4ú Ráithe de 2016 ar *Provisions for Recurrent Internal Auditing of the SMS and Monitoring applied by the Railway Undertaking*, ach níor tugadh an tuairisc chun críche roimh dheireadh na bliana.²

2.3.4 Transdev (LUAS)

Thosaigh an CRI ar mhaoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú agus ar éifeachtacht an CBS reatha ag *Transdev* in 2015, agus tugadh faoi chomhiniúchóireacht ar *Strategic Management of Safety and comparison with the traits of a High Reliability Organisation (HRO)* in 2016. Chun leas a bhaint as saineolas ar *HRO*anna, d'fhostaigh an CRI seirbhísí *DNV-GL* (comhlacht ar a bhfuil cáil idirnáisiúnta as comhairle i réimse na bainistíochta rioscaí oibriúcháin do na tionscail iarnróid, mhuirí, ola & gáis, agus fuinnimh) chun cúnamh a thabhairt.

Rinneadh an iniúchóireacht i mí Dheireadh Fómhair agus eisíodh an dá thuairisc (iniúchóireacht agus comparáidiú *HRO*) an 22^ú Nollaig 2016. Sonraíodh ceithre chás leis an iniúchóireacht inar tharla sé nár chomhlíonadh rialacháin agus ceithre réimse mar a raibh gníomh riachtanach. Ba iad na torthaí dearfacha ó chomparáidiú *HRO* ná go léiríonn *Transdev* roinnt tréithe a bhaineann le *HRO*. Aithníodh roinnt saincheistanna buntábhachtacha áfach lena cuireadh teorainn ar *Transdev* cur chuige níos straitéisí a ghlacadh:

- Tá an CBS dírithe ar sheirbhísí laethúla tramanna a sholáthar agus ar léiriú go gcomhlíontar reachtaíocht, ní sholáthraíonn an CBS cur chuige straitéiseach i leith sábháilteacht a bhainistiú. Léirítear le cuid de seo an bealach ar tugadh na conarthaí chun seirbhísí tramanna LUAS a

² Eisíodh an tuairisc dheiridh chuig *BBRI* an 12^ú Eanáir 2017.

sholáthar, go sonrach gur conraíodh *Transdev* mar oibritheoir an chórais agus chun na conarthaí cothabhála a bhainistiú a nuaíodh dó. Forbraíodh an CBS timpeall an tsocraithe seo.

- Is iad na ceanglais chonartha idir na páirtithe leasmhara difriúla a stiúran an bealach a oibrítear an LUAS, agus déantar iarrachtaí nach beag le cinntiú go gcomhlíontar na hoibleagáidí. Ní thugtar le chéile go hiomlán le CBS *Transdev* dea-ghníomhaíochtaí CBS de chuid *Alstom* agus BIÉ chun CBS uileghabhálach a sholáthar.
- Ba cheart go mbeadh an fhreagairt don aighneas tionsclaíoch níos láidre, ó thaobh na bainistíochta sábháilteachta. Ba cheart go mbeadh éifeacht an aighnis, agus a éifeachtaí ar rioscaí, aitheanta, measúnaithe agus montóireacht déanta orthu.

Áirítear leis an tuairisc treochlár mionsonraithe chun creatlach a sholáthar do *Transdev* chun cur chuige a chur i ngníomh, i leith na bainistíochta sábháilteachta, a bheidh treoraithe le straitéis.

2.4 Eachtraí Oibriúcháin ag Iarnród Éireann

Déanann an CRI monatóireacht ar eachtraí oibriúcháin a tharlaíonn ar na líonraí iarnróid chun gníomhartha dearfacha a spreagadh, nó idirghabháil i gcás treochtaí diúltacha a bheith i gceist nó i gcás go mbíonn eachtraí ina n-údar imní maidir le comhlíonadh an CBS.

2.4.1 Comharthaí Contúirte a nDeachthas Tharstu (SPADs)

Faoi mar a nótáladh i dTuarascáil Bhliantúil an CRI i gcomhair 2013, bhí líon iomlán na n-eachtraí SPAD ar líonra IÉ don bliain sin níos airde ná mar a bhí i gceist i ngach ceann de bhlianta 2011 agus 2012. Bhí ardú eile ar líon na SPADs i rith 2015, agus ní raibh ach laghdú beag ann in 2016; féach an tábla thíos:

Bliain	2010	2011	2012	2013	2014	2015	2016
Líon na SPADs	22	6	8	18	10	15	13

Tábla 1: Líon iomlán na SPAD de réir na bliana ar líonra iarnróid Éireann, 2010-16

Cuirtear mionsonraí achoimre i láthair sa tábla seo a leanas ar na 13 SPADs a tharla ar líonra IÉ i rith 2016:

	Dáta	Comhartha	Cineál	Suíomh
1.	25/01/2016	ML633	Príomhlíne	An Caisleán Riabhach
2.	08/03/2016	ML684	Príomhlíne	Cathair na Mart
3.	04/04/2016	LF486(s)	Seachród	An Lios Dubh
4.	06/04/2016	MN143 (s)	Seachród	Má Nuad
5.	23/04/2016	PE22	Príomhlíne	Sráid na Teamhrach
6.	14/05/2016	PE28 (s)	Seachród	Na bPíarsach
7.	22/06/2016	AE402	Príomhlíne	Baile Átha Luain
8.	27/06/2016	GL421	Príomhlíne	Inis
9.	01/08/2016	PL278 (s)	Seachród	Port Laoise TCD
10.	12/08/2016	DC416	Príomhlíne	Na bPíarsach
11.	18/08/2016	CK790	Príomhlíne	Corcaigh
12.	06/09/2016	CE473	Príomhlíne	An Gleanntán
13.	23/09/2016	GL378 (s)	Príomhlíne	Gaillimh

Tábla 2 SPADs ar líonra iarnróid Éireann, 2016

Cé go bhfuil aghaidh tugtha ar na saincheistanna teicniúla a tháinig as comhfhreagras a bhí ag an CRI le IÉ i mí Mheitheamh 2015, tá an mhír chriticiúil atá fós neamhréitithe ina líne ama lena dtugtar san áireamh gur glacadh ‘Cultúir Cóir’ (cultúir neamh-mhilleánach) chun tuairisceoireacht sábháilteachta a fheabhsú, mar a aithníodh i gCuid 2 de Thuairisc *Ladbroke Grove Rail Inquiry* agus i dTreoir ón nGníomhaireacht Iarnróid Eorpach ERA/GUI/10-2013/SAF V1.0 ‘*Application Guide for the design and implementation of a Railway Safety Management System*’.



2.4.2 Traein *RPSI* a bheith ag oibriú i gcomhthéacs neamhghách ag Mainistir na Corann

Mar gheall ar na rioscaí breise a tugadh isteach sa scéal de thoradh na hoibríochta traenach sin ag *RPSI* chuig Mainistir na Corann, Co. Chorcaí an 7^ú Samhain 2014, thug an CRI faoi Chigireacht Iar-Eachtra. Tháinig deich dtoradh de thoradh Thuairisc na Cigireachta sin, a eisíodh chuig IÉ agus an *RPSI* an 10^ú Feabhra 2016. Aithníodh aon neamh-chomhlíonadh mórchúiseach amháin agus aon neamh-chomhlíonadh mionchúiseach amháin i gcoinne BB-IÉ agus, as measc an ocht réimse mar a raibh gníomh riachtanach chun an poitéinseal go dtarlódh neamh-chomhlíonadh a sheachaint, díríodh sé chinn ar BB-IÉ agus dhá cheann ar an *RPSI*.

Ceanglaíonn toradh suntasach ar IÉ treoir/rialacha a fhorbairt lena chinntiú nach mbeidh an lámh in uachtar ag cúrsaí tráchtála ar cheanglais sábháilteachta agus nach dtabharfar rioscaí neamhriachtanacha isteach, agus tá an CRI ag fanacht le fianaise ó IÉ chun clabhsúr a chur leis an mír áirithe seo. Sa chomhthéacs seo, ba cheart a thabhairt faoi deara go n-áireofar i gComh-Mhodh Sábháilteachta athbhreithnithe an AE chun comhfhoirmeacht a mheasúnú, ceanglas go n-áireofar le CBSanna nósanna imeachta “le cinntiú go gcuirfear an tsábháilteacht san áireamh agus rioscaí gnó na heagraíochta á n-aithint agus á mbainistiú, agus go míneofar conas a aithneofar agus a réiteofar coimhlint idir an tsábháilteacht agus spriocanna eile”.

2.4.3 Eachtraí Oibriúcháin Eile

Déanann an CRI monatóireacht freisin ar eachtraí oibriúcháin eile a tharlaíonn ar na líonraí iarnróid. Seachas *SPADs*, arbh ábhar comhfhreagrais ar leithligh iad (féach ar Chuid 2.4.1, thuas), tugadh fógra

maidir le 17 n-eachtra san iomlán i rith 2016, agus rinne an CRI Cigireachtaí Iar-Eachtra ar 4 de na heachtraí sin le déanamh amach an raibh saincheistean ann maidir le comhlíonadh an CBS ann ar ghá aghaidh a thabhairt orthu. Tá achoimre ar na heachtraí intuairiscithe eile (seachas SPADs agus cásanna ar cosúil gur féinghortú a bhí i gceist) a tharla ar líonra IÉ i rith 2016 curtha i láthair sa tábla seo a leanas Tá achoimre ar na heachtraí intuairiscithe eile (seachas SPADs agus cásanna ar cosúil gur féinghortú a bhí i gceist) a tharla ar líonra IÉ i rith 2016 curtha i láthair sa tábla seo a leanas.

	Dáta	Cur síos ar an Eachtra	Suíomh
1.	11/01/2016	Vaigín curtha de na ráillí ag pointí lámhoibrithe	Taobhlaigh Mhianaigh na Teamhrach
2.	07/02/2016	Sciorradh talún ag 43½m.s.u. líne idir Cill Airne – Trá Lí	An Cillín
3.	03/04/2016	Rite trí Phointí Uimh.262 agus T3 á shealbhú	Baile Lobhaoise
4.	26/04/2016	Cliseadh ar phointí tar éis cothabhála	Má Nuad
5.	27/04/2016	Ghearr conraitheoir cábla beo agus trealamh á bhaint	Cnocán an Éin Fhinn
6.	04/05/2016	Mí-rialtacht oibriúcháin – traein dulta thar fhad an ardáin	Hazlethatch
7.	23/05/2016	Thit lintéar faoi 161m.s.u. ar phríomhlíne UP Chorcaí – BÁC	Ráth Phéacáin
8.	23/05/2016	Mí-rialtacht oibriúcháin agus líne aonair á hoibriú	Corcaigh – Mala
9.	04/06/2016	Theip ar Oibreoir an Rialaithe Leictirigh cumhacht a ghearradh	Deilginis – Seanchill
10.	07/06/2016	Tine san inneall ar DMU d'Aicme 29000	Cluain Ghrífin
11.	07/06/2016	Cliseadh – taobh mícheart – uasghrádú CAW ag comhartha DC416	Sráid na Teamhrach – na bPiarsach
12.	27/06/2016	Chlis ar na doirse – Taobh mícheart, Train A122	Dún Dealgan
13.	13/07/2016	Vaigín HOBS curtha de na ráillí	Droichead Átha
14.	15/07/2016	DMU d'Aicme 2600 curtha de na ráillí ag pointí lámhoibrithe	Clós Chorcaí
15.	01/08/2016	DMU d'Aicme 22000 curtha de na ráillí	TCD Phort Laoise
16.	09/11/2016	Gluaisteoir 072 curtha de na ráillí agus vaigín Mhianaigh na Teamhrach á sheachródú	Clós an Phoirt Thuaidh
17.	20/11/2016	Gluaisteoir curtha de na ráillí ag pointí lámhoibrithe	Oibreacha Inse Chór

Tábla 3: Eachtraí intuairiscithe ar líonra iarnróid Éireann, 2016

2.5 Eachtraí Oibriúcháin ar Iarnróid Éadroma

Thug *Transdev*, oibritheoir LUAS, fógra faoi 26 eachtra i rith 2016. Bhain 14 díobh sin le himbhualtí tráichta ar bhóithre le feithiclí mótaí, dhá chás inar thángthas i dteagmháil le rothaithe, agus dhá theagmháil le coisithe. Cuireadh aon tram amháin de na ráillí, ag Tamhlacht, an 12^ú Meán Fómhair 2016.

2.6 Mar a Cuireadh Moltaí Sábháilteachta i nGníomh

Tá sé de rún ag an gCoimisiún féachaint lena chinntiú go dtabharfar aghaidh ar Mholtaí Sábháilteachta agus ar Thorthaí Iniúcháireachtaí faoi cheann trí bliana ó dháta a n-eisithe. Táthar tar éis céimeanna breise a dhéanamh chun ráta dúnta na moltaí a fheabhsú, agus cuirtear faisnéis i láthair sna fo-chodanna seo a leanas den tuarascáil maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i gcaitheamh 2016.

2.6.1 Moltaí a d'eascair as Iniúchóireachtaí agus Cigireacht Iar-Eachtra an CRI

Déanann an CRI monatóireacht ar an mbealach a chuirtear gníomhaíochtaí ceartaitheacha agus coisc i ngníomh ar bhonn leanúnach trí chruinnithe rialta a reáchtáiltear go rialta leis na heagraíochtaí iarnróid le hathbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí sábháilteachta. Feidhmítear réimeas foláirimh ina bhfuil trí leibhéal ar an mbealach seo a leanas: is féidir le ceachtar den trí thoradh seo a leanas a bheith ina thoradh iniúchóireachta – más é neamhchomhlíonadh rialachán (NR) nó gníomh a bheith riachtanach (GR) atá ann

Oscailte -	Táthar fós ag fanacht le haiseolas ón Eagraíocht Iarnróid, nó níl gníomhartha curtha i gcrích go fóill.
Críochnaithe -	É tugtha in iúl ag an Eagraíocht Iarnróid don Choimisiún go bhfuil bearta déanta aige leis an ngníomh feabhsach a chur i ngníomh agus fianaise thacaíochta soláthraithe don Choimisiún le measúnú an féidir an moladh a dhúnadh.
Dúnta -	Bunaithe ar fhianaise a sholáthair an Eagraíocht Iarnróid, tá an CRI sásta go bhfuil na bearta feabhsacha riachtanacha déanta agus go bhfuil an oiread den obair curtha i gcrích is a bhí ag teastáil chun an moladh a dhúnadh.

Thosaigh an CRI ar iniúchóireacht a dhéanamh ar eagraíochtaí iarnróid in 2009, agus tugadh Cigireacht Iar-Eachtra isteach in 2014 chun déanamh amach an raibh Córais Bhainistíochta Sábháilteachta á gcomhlíonadh. Léirítear sna táblaí seo a leanas le haghaidh gach eagraíochta iarnróid líon agus stádas carnach na moltaí seo (torthaí) a d'eascair as na gníomhaíochtaí sin don tréimhse 2015 - 2016, in éineacht le dul chun cinn a rinneadh maidir le clabhsúr i rith 2016.

Iarnród Éireann

Stádas ag	Oscailte		Críochnaithe		Críochnaithe		Iomlán	
	GRanna	NRanna	GRanna	NRanna	GRanna	NRanna	GRanna	NRanna
31/12/2015	33	16	0	0	194	49	227	65
Torthaí 2016	0	0					0	0
Dul chun cinn 2016	-27	-13	+27 -22	+13 -8	+22	+8		
31/12/2016	6	3	5	5	216	57	227	65

Tábla 4: Achoimre Thorthaí Iniúchóireachta an CRI d'Iarnród Éireann – Bainisteoir Bonneagair

Stádas ag	Oscailte		Críochnaithe		Críochnaithe		Iomlán	
	GRanna	NRanna	GRanna	NRanna	AR's	GRanna	NRanna	GRanna
31/12/2015	14	3	0	0	13	7	27	10
Torthaí 2016	12	6					12	6
Dul chun cinn 2016	-15	-2	+15 -13	+2 -2	+13	+2		
31/12/2016	11	7	2	0	26	9	39	16

Tábla 5: Achoimre Thorthaí Iniúchóireachta Iar-Eachtra an CRI d'Iarnród Éireann – Bainisteoir Bonneagair

Stádas ag	Oscailte		Críochnaithe		Críochnaithe		Iomlán	
	GRanna	NRanna	GRanna	NRanna	AR's	GRanna	NRanna	GRanna
31/12/2015	71	26	1	0	31	6	103	32
Torthaí 2016	9	3					9	3
Dul chun cinn 2016	-62	-23	+62 -15	+23 -7	+15	+7		
31/12/2016	18	6	48	16	46	13	112	35

Tábla 6: Achoimre Thorthaí Iniúchóireachta an CRI d'Iarnród Thuaisceart Éireann – Gnóthas Iarnróid

Stádas ag	Oscailte		Críochnaithe		Críochnaithe		Iomlán	
	GRanna	NRanna	GRanna	NRanna	AR's	GRanna	NRanna	GRanna
31/12/2015	9	4	0	0	2	0	11	4
Torthaí 2016	3	1					3	1
2016 progress	-9	-4	+9	+4				
			-3	-1	+3	+1		
31/12/2016	3	1	6	3	5	1	14	5

Tábla 7: Achoimre Thorthaí Iniúchóireachta Iar-Eachtra an CRI d'Iarnród Éireann – Gnóthas Iarnróid

Iarnróid Thuaisceart Éireann

Stádas ag	Oscailte		Críochnaithe		Críochnaithe		Iomlán	
	GRanna	NRanna	GRanna	NRanna	AR's	GRanna	NRanna	GRanna
31/12/2015	2	1	0	0	0	0	2	1
Torthaí 2016	6	3					6	3
Dul chun cinn 2016								
31/12/2016	8	4	0	0	0	0	8	4

Tábla 5: Achoimre ar Thorthaí Iniúchóireachta an CRI d'Iarnród Thuaisceart Éireann – Gnóthas Iarnróid

Stádas ag	Oscailte		Críochnaithe		Críochnaithe		Iomlán	
	GRanna	NRanna	GRanna	NRanna	AR's	GRanna	NRanna	GRanna
31/12/2015	0	0	0	0	0	0	0	0
Torthaí 2016	3	0					3	0
Dul chun cinn 2016								
31/12/2016	3	0	0	0	0	0	3	0

Tábla 6: Achoimre ar Thorthaí Iniúchóireachta Iar-Eachtra an CRI d'ITÉ – Gnóthas Iarnróid

Railway Preservation Society of Ireland

Stádas ag	Oscailte		Críochnaithe		Críochnaithe		Iomlán	
	GRanna	NRanna	GRanna	NRanna	AR's	GRanna	NRanna	GRanna
31/12/2015	8	2	0	0	3	1	11	3
Torthaí 2016	3	0					3	0
Dul chun cinn 2016	-2		+2					
31/12/2016	9	2	2	0	3	1	14	3

Tábla 7: Achoimre Thorthaí Iniúchóireachta an CRI don Railway Preservation Society of Ireland – Gnóthas Iarnróid

Stádas ag	Oscailte		Críochnaithe		Críochnaithe		Iomlán	
	GRanna	NRanna	GRanna	NRanna	AR's	GRanna	NRanna	GRanna
31/12/2015	0	0	0	0	0	0	0	0
Torthaí 2016	2	0					2	0
Dul chun cinn 2016								
31/12/2016	2	0	0	0	2	0	2	0

Tábla 8: Achoimre Thorthaí Iniúchóireachta Iar-Eachtra an CRI don Railway Preservation Society of Ireland – Gnóthas Iarnróid

Balfour Beatty Rail Ireland

Stádas ag	Oscailte		Críochnaithe		Críochnaithe		Iomlán	
	GRanna	NRanna	GRanna	NRanna	AR's	GRanna	NRanna	GRanna
31/12/2015	0	0	0	3	5	1	5	4
Torthaí 2016	12	1					12	1
Dul chun cinn 2016	-11	-1	+11 -5	+1 -3	+5	+3		
31/12/2016	1	0	6	1	10	4	17	5

Tábla 9: Achoimre Thorthaí Iniúchóireachta an CRI do Balfour Beatty Rail Ireland – Gnóthas Iarnróid

Transdev - LUAS

Stádas ag	Oscailte		Críochnaithe		Críochnaithe		Iomlán	
	GRanna	NRanna	GRanna	NRanna	AR's	GRanna	NRanna	GRanna
31/12/2015	50	4	0	0	22	3	72	7
Torthaí 2016	4	0					4	0
Dul chun cinn 2016	-32	-2	+32 -6	+2	+6			
31/12/2016	22	2	26	2	28	3	76	7

Tábla 10: Achoimre Thorthaí Iniúchóireachta an CRI do LUAS

Iarnróid Oidhreacht

Stádas ag	Oscailte		Críochnaithe		Críochnaithe		Iomlán	
	GRanna	NRanna	GRanna	NRanna	AR's	GRanna	NRanna	GRanna
31/12/2015	2	11	0	0	0	1	2	12
<u>Torthaí 2016</u>								
Iarnród Loch Dhuibhlinne	0	1					0	1
Iarnród Bhaile na Finne	0	0					0	0
ISPS (Irish Steam Preservation Society)	5	3					5	3
Iarnród Phort Láirge & Ghleann na Siúire	2	0					2	0
Dul chun cinn 2016								
31/12/2016	9	15	0	0	0	1	9	16

Tábla 11: Achoimre Thorthaí Iniúcháireachta an CRI d'Iarnróid Oidhreacht imeallaithe

2.6.2 Moltaí Sábháilteachta a d'eascair as Imscrúduithe an AITI

Cé go ndírítear Moltaí Sábháilteachta a dhéanann an AITI de réir Rialachán 5 de I.R. Uimh.258 de 2014 ar an eagraíocht/na heagraíochtaí atá i gceist, seoltar iad chuig an CRI ar an gcéad dul síos. Bíonn sé d'fhreagracht ar an CRI a chinntiú go gcuirtear Moltaí Sábháilteachta san áireamh go cuí, agus i gcás gur cuí, go ngníomhaítear ina leith.

Sa chomhthéacs sin, déanann an CRI monatóireacht ar mar a chuirtear Moltaí Sábháilteachta an AITI i ngníomh ar bhonn leanúnach trí chruinnithe um athbhreithniú ar shábháilteacht a reáchtáiltear leis na heagraíochtaí iarnróid ar bhonn rialta. Miondealaítear na staitisticí de réir na heagraíochta iarnróid agus taispeántar, de réir na bliana, stádas na dtorthaí ó Imscrúduithe an AITI. Léirítear sa tábla thíos an stádas mar a bhí an 31^ú Nollaig 2016.

Eagraíocht Iarnróid	Moltaí ón AITI				
	Stádas ag	Oscailte	Críochnaithe	Dúnta	Iomlán
BB-IÉ	31/12/2015	12	18	62	92
	31/12/2016	19	19	67	105
GI-IÉ	31/12/2015	4	5	13	22
	31/12/2016	6	2	18	26
LUAS	31/12/2015	2	0	5	7
	31/12/2016	2	0	5	7
CRI	31/12/2015	2	0	4	6
	31/12/2016	1	0	5	6
CRI & IÉ	31/12/2015	1	1	0	2
	31/12/2016	1	1	0	2
IÉ	31/12/2015	0	0	2	2
	31/12/2016	0	0	2	2
BBRI	31/12/2016	1	0	0	1
RPSI	31/12/2016	1	0	0	1
NIR	31/12/2016	1	0	0	1

Tábla 15: Stádas na Moltaí Sábháilteachta ón AITI

D'fhoilsigh an AITI dhá Thuairisc faoi Imscrúduithe in 2016, ina raibh Moltaí Sábháilteachta:

- Imscrúdú ar SPADs ar líonra IÉ, ó Eanáir 2012 go Meitheamh 2015, foilsithe 11^ú Aibreán 2016
- Tarlúint Chontúirteach, Baile Uí Bhróithe - Port Laoise, 12^ú Meán Fómhair 2015, foilsithe 6^ú Meán Fómhair 2016
- SPADs ag Ard Raithin 23^ú Deireadh Fómhair 2015 & Chaisleán Uí Chonaill 28^ú Samhain 2015, foilsithe 20^ú Deireadh Fómhair 2016*

* Bhí an CRI den bharúil go raibh feidhm níos leithne ag an Moladh Sábháilteachta a rinne an AITI do IÉ tar éis an imscrúdaithe seo agus mar sin d'eisigh an CRI an moladh céanna do BBRI, an RPSI agus ITÉ.

Bliain	Líon na dTuairiscí	Líon na Moltaí			
		Oscailte	Críochnaithe	Dúnta	Iomláin
2006*	1	0	0	14	14
2007	0	0	0	0	0
2008	1	0	0	7	7
2009	5	0	0	13	13
2010	6	1	2	23	26
2011	6	2	9	6	17
2012	3	1	2	10	13
2013	3	2	5	3	10
2014	6	6	2	19	27
2015	2	3	0	1	4
2016	3	17	2	1	20
Iomláin	36	32	22	97	151

Tábla 126: Stádas achomair Mholtaí Sábháilteachta an AITI de réir na bliana

(Nóta: ullmhaíodh Tuairisc an Imscrúdaithe aonair a foilsíodh in 2006 faoi scáth an Choimisiúin um Shábháilteacht Iarnróid Sábháilteachta Iarnróid tar éis intitim Tharbhealach na Cathrach i mí Dheireadh Fómhair 2003.)

2.7 Caidreamh oibre idir Iarnród Éireann agus an CRI

Tugadh chun suntais i dTuarascáil Bhliantúil an CRI i gcomhair 2015 go raibh imní ann maidir le dearcadh ardleibhéal na bainisteoireachta laistigh de IÉ i leith cúrsaí arna n-aithint ag an CRI trína mhaoirseacht neamhspleách ar bhainistíocht sábháilteachta. Bhí sé soiléir sa chéad chuid de 2015 go raibh cur chuige a bhí difriúil go maith á ghlacadh ag IÉ i leith na rialála sábháilteachta, agus cuireadh cruca ar an gcaidreamh oibre idir IÉ agus an CRI i gcaitheamh na bliana sin.

Níor tháinig feabhas ar an idirghníomhaíocht idir IÉ agus an Rialtóir le linn na chéad mhíonna de 2016 agus, i dtuairim an CRI, chuaigh sé i ndonacht tuilleadh. I bhfianaise na ndeacrachtaí leanúnacha sa chaidreamh, agus d'uireasa athraithe dearfaigh ar dhearcadh IÉ ar an Rialtóir, chuir an CRI a chuid imní in iúl d'oifigigh sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (RITS) i mí Aibreáin 2016; ag leagan béime ar an ngá le bunathrú ar dhearcadh IÉ ar rialáil na sábháilteachta.

I gcomhráit leis an Roinn ag deireadh mhí na Bealtaine 2016, leag an CRI amach na nithe a bhí ina n-údar imní tromchúiseach dó. I measc na saincheistanna a aithníodh bhí:

Ní raibh freagrúlacht IÉ mar a bhíodh ar ardleibhéal na bainisteoireachta: tá sé ina údar imní don CRI gur léirigh an comhfhreagras a fuarthas ó IÉ dearcadh i measc na ceannaireachta nach raibh ag teacht lena mbíonn an CRI ag súil maidir le hoibleagáidí dlíthiúla agus an dícheall a bhíonn riachtanach sa bhainistíocht sábháilteachta.

Imní an CRI i ndáil le rialachas sábháilteachta agus aithint agus rialú rioscaí: Ní léir go dtuigeann IÉ, trína bheith ag ligean don bhainisteoireacht cúrsaí a láimhseáil mar a bhí, go bhféadfadh athrú aimhleasach teacht ar bhainisteoireacht rioscaí dá bharr. Caithfidh IÉ dinimicí na rialála a thuiscint, agus go sonrach, a oibleagáid le déanamh de réir chomhairle agus orduithe an Údaráis Sábháilteachta.

Ar an iomlán, bhí imní ar an CRI go bhféadfadh, le himeacht aimsire, impleachtaí straitéiseacha ó thaobh na sábháilteachta a bheith ann amach anseo dá leanfadh na treochtaí sin ar aghaidh. Thairis sin, bhí dúshlán a tháinig arís is arís eile ó IÉ d'údarás an CRI ag tarraingt aire an CRI óna shainchúram mar an tÚdarás Sábháilteachta faoi Threoir an AE um Shábháilteacht Iarnróid. Aontaíodh go raibh sé bunriachtanach go dtiocfaí ar bhealach leis an scéal a fheabhsú.



2.7.1 Dul Chun Cinn i rith 2016

Tharla cruinniú idir an CRI agus ionadaithe Bhord IÉ (an bheirt stiúrthóirí neamhfheidhmeacha a ceapadh as an nua ag deireadh 2015) i mí Iúil 2016. Ag an gcruinniú sin, chuir an CRI tuilleadh in iúl faoin imní a bhí air; chuir beirt bhall Bhoird IÉ fairsinge agus dáiríreacht an scéil in iúl do Chathaoirleach Bhord IÉ ina dhiaidh.

Tharla an dara cruinniú leis na stiúrthóirí céanna agus le Cathaoirleach Bhord IÉ leis an CRI i mí Mheán Fómhair 2016. Ag an dara cruinniú seo, leag IÉ amach na céimeanna a bhí glactha aige agus na bearta eile a raibh faoi a dhéanamh chun rialachas sábháilteachta a láidriú, cumarsáid leis an CRI a fheabhsú, agus aghaidh a thabhairt ar cheist chultúr na heagraíochta.

Dhearbhaigh an CRI, chun tuiscint chorpáraideach níos fearr a chothú ar oibleagáidí faoin dlí i leith sábháilteacht iarnróid a bhainistiú, go raibh cáipéis teorach á hullmhú aige maidir le bainistíocht sábháilteachta do Stiúrthóirí agus do Bhainisteoirí Sinsearach eagraíochtaí iarnróid. Thug an CRI le fios freisin go raibh sé toilteanach ceardlann a rith faoin ábhar seo ar mhaithe le baill Bhord IÉ.

2.7.2 Amach Anseo

Tá sé feicthe ag an CRI go bhfuil faoi Bhord IÉ athrú a dhéanamh ar chúrsaí agus dul chun cinn a dhéanamh sa treo cuí dar leis an CRI. Tá líne chumarsáide oscailte leis an mBord, agus tá tuiscint níos fearr agus feasacht níos mó ar údair imní an CRI ó thaobh na sábháilteachta ag leibhéal an Bhoird.

Tá dialóg chuiditheach leanúnach ag fágáil gur féidir aghaidh a thabhairt ar réimsí mar a raibh míthuiscint agus dúshlán roimhe. Is féidir leis an CRI tuairisciú go raibh dul chun cinn dearfach déanta faoi dheireadh na bliana, agus samhlaítear go n-éascóidh an líne chumarsáide a osclaíodh leis an aidhm go dtabharfar aghaidh mar ba chóir ar na saincheistanna a bhí ina n-údar imní agus a d'aithin an CRI ina Thuarascáil Bhliantúil 2015.

Baineann gníomhartha buntábhachtacha a aontaíodh le rialachas sábháilteachta a láidriú, feabhsú ar chumarsáid leis an CRI, agus rud atá fiorthábhachtach, aghaidh a thabhairt ar shaincheist an chultúir eagraíochtúil laistigh de IÉ. Aontaíodh go mbeadh cruinnithe idir Cathaoirleach IÉ agus ionadaithe an Bhoird leis an CRI go rialta chun dul dhun cinn IÉ leis na bearta seo a thuairisciú.

Choinnigh an CRI an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar an eolas faoin scéal, agus d'iarr sé ar an gCoimisinéir ina dhiaidh an t-eolas ba dhéanaí faoin dul chun cinn a bhí á dhéanamh a thabhairt dó ar bhonn ráithiúil in 2017. D'aontaigh an Coimisinéir sin a dhéanamh maidir leis na príomhghníomhartha a aontaíodh le IÉ, d'fhonn a dhearbhu go raibh an t-athrú dearfach ar an dearcadh ar údarás an CRI i leith na rialála sábháilteachta buan agus go bhfuil an feabhsú leanúnach ar bhainistíocht na sábháilteachta ag IÉ ag comhlíonadh reachtaíocht an AE agus reachtaíocht náisiúnta.

Ar an gcoinníoll go mbíonn fianaise an mhéid a chuireann IÉ in iúl le feiceáil i ngníomhartha cuiditheacha, tá deis ann anois dul ar aghaidh go dearfach ar mhaithe leis an Rialtóir agus an Comhlacht araon.

3 Údarú le Cur i mbun Seirbhíse

Bíonn sé d'oibleagáid ar eagraíochtaí iarnróid agus ar pháirtithe eile ar mian leo rothstoc iarnróid nua, bonneagar iarnróid nua, nó bonneagar atá athraithe go suntasach a thabhairt isteach próiseas forordaithe a leanúint go ndeonófar Údarú le Cur i mbun Seirbhíse dóibh. Tá an CRI tar éis a bheith ag obair trasna na hearnála i gcaitheamh 2016 ar thionscadail éagsúla leis an Údarú seo a dheonú, faoi mar a thuairiscítear sna fo-chodanna seo a leanas.

3.1 Rothstoc

Bhí an CRI gníomhach i gcaitheamh 2016 sa phróiseas údaraithe sábháilteachta i gcomhair roinnt tionscadal rothstoic. Tá mionsonraí fúthu seo sna fo-chodanna a leanas.

3.1.1 Tionscadal Athchóirithe an *Enterprise*

Bhainistigh IÉ agus *Translink (Iarnróid Thuaisceart Éireann – NIR)* le chéile an tionscadal chun carráistí an *De Dietrich Enterprise* athchóiriú leathshlí trína ré toisc gur leis an dá eagraíocht iarnróid an fhliú agus go n-oibríonn an bheirt acu í le chéile.

Eisíodh Litir Ghlachtha chun Seirbhís Eatramhach a Fheidhmiú, agus coinníollacha áirithe ceangailte leo, i mí na Samhna 2015, agus chuaigh an chéad sraith d'fheithiclí athchóirithe i mbun seirbhíse an 16ú

Samhain 2015. Ina dhiaidh sin, tharla sé gur cliseadh faoi dhó ar dhoirse, nuair a osclaíodh doirse ar an taobh mícheart agus an traein ag gluaiseacht, leis an tsraith seo in imeacht 20 lá ar chúiseanna teicniúla difriúla: an chéad cheann an 17^ú Nollaig 2015 agus an dara ceann an 6^ú Eanáir 2016.

Sheirbheáil an CRI Fógra ar Iarnróid Thuaisceart Éireann (TIÉ) láithreach lenar cuireadh toirmeasc ar stoc De Dietrich a fheidhmiú ar líonra iarnróid Iarnród Éireann go dtí go léireodh TIÉ chun sástacht an CRI go raibh an riosca maidir le cliseadh eile a bhain le doirse ar an taobh mícheart, chomh híseal agus ab fhéidir go praiticiúil. Tar éis athbhreithnithe ar fhianaise agus soiléirithe a chuir TIÉ faoina bhráid, bhí an CRI sásta go raibh na cúinsí as ar eagair an fógra toirmisc curtha ina gceart. Cuireadh deireadh leis an toirmeasc le héifeacht ón 13^ú Eanáir 2016, agus ceadaíodh arís do na feithiclí feidhmiú ar líonra Iarnród Éireann arís ar an gcoinníoll go mbeadh na bearta athbhreithnithe agus breise sábháilteachta ar fad déanta agus pleanáilte fós i bhfeidhm.

D'oibrigh comhfhoireann thionscadal IÉ/ITÉ go dlúth le chéile leis an CRI i rith 2016 chun clabhsúr a chur le gach coinníoll roimh an dáta deiridh. Eisíodh tuilleadh Litreacha Glactha chun Seirbhís Eatramhach a Fheidhmiú i mí Eanáir, Feabhra, an Mhárta, na Bealtaine, Mheithimh, Iúil, Lúnasa agus na Samhna 2016 de réir mar a rinneadh dul chun cinn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na coinníollacha, agus eisíodh Litir Ghhlactha chun Seirbhís iomlán a Fheidhmiú don fhlít athchóirithe an 6^ú Nollaig 2016.

3.1.2 Traein Turasóirí an *Belmond Grand Hibernian*

Chuaigh an tionscadal, le hiarcharráistí Mk III a oiriúnú le haghaidh oibríochtaí mar thraein sóchais do thurasóirí, ar aghaidh de réir an sceidil i rith 2016 agus cuireadh tús leis an gcéad chamchuairt an 30^ú Lúnasa 2016.

Eisíodh Litir Ghhlactha do Dhearadh Mionsonraithe an 4^ú Iúil July 2016 do *Assenta Ltd.* as Dún Éideann, a rinne ionadaíocht thar ceann an úinéara, *Ireland Luxury Rail Tours Limited*, chun na cineálacha éagsula feithiclí a thiontú. Eisíodh Litir Ghhlactha le haghaidh Tástála chuig IÉ an 8^ú Lúnasa agus, nuair a cuireadh sceideal na dtrialacha i gcrích, d'eisigh an CRI Litir Ghhlactha chun Seirbhís Eatramhach a Fheidhmiú an 23^ú Lúnasa 2016. Táthar ag súil go mbeidh údarú iomlán chun seirbhís a fheidhmiú críochnaithe sa chéad ráithe de 2017.

3.1.3 Bonneagar Iompair Éireann – Tramanna Citadis 502

D'eisigh an CRI Litir Ghhlactha do Chéim 1 (Coincheap) chuig Bonneagar Iompair Éireann an 16^ú Nollaig 2016 chun tramanna nua 501 Citadis, atá 54.7m ar fad, a dhearadh, a dhéanamh, a thástáil agus a choimisiúnú.

3.1.4 Aonán i gCeannas ar an gCothabháil

Is é Gnóthas Iarnród Éireann (GI-IÉ) an t-aon eagraíocht i bPoblacht na hÉireann ag a bhfuil deimhniú mar Aonán i gCeannas ar an gCothabháil (ACC) do vaiginí lastais iarnróid. I mí Feabhra 2016, rinne an CRI iniúchóireacht faireachais 'Bliain a 3' ar ACC Lastais GI-IÉ lenar sonraíodh 12 neamh-chomhfhoirmeacht neamhchritiúla. Chuir GI-IÉ plean feabhsúcháin inghlactha isteach chun na heasnamh sin a leigheas, a bhí inghlactha don CRI, agus bhíodhas i mbun an phróisis le gach mí a thabhairt chun críche faoi dheireadh na bliana.

Freisin, i rith 2016, lean GI-IÉ ar aghaidh leis an bpróiseas iarratais ar dheimhniú deonach do ACC d'fheithiclí neamhlatais (dá ngairtear fianú comhfhoirmeachta san Eoraip) i leith fhlít a Charranna Iarnróid Idir-Chathrach d'Aicme 22000. D'éirigh leo Céim 1 den phróiseas a chur i gcrích i mí na Nollag

2015, agus rinne an CRI iniúchóireacht Chéim 2 i mí na Bealtaine – an Mheithimh 2016; eiseofar tuairisc dheiridh na hiniúchóireachta do GI-IÉ an 17^ú Lúnasa 2016.

Aithníodh le hiniúchóireacht Chéim 2 an CRI 9 chás de Neamh-chomhlíonadh chriticiúil (mórchúiseach) agus 24 chás de neamh-chomhlíonadh neamhchriticiúil (mionchúiseach), agus an 5^ú Meán Fómhair, scríobh an CRI chuig GI-IÉ chun míniú a thabhairt ar na cúiseanna lena chinneadh gan Fianú Comhfhoirmeachta a eisiúint. Dhá sheachtain ina dhiaidh, d'fhreagair GI-IÉ á rá nár mhian leis dul ar aghaidh ag an am sin leis an measúnacht ar chomhfhoirmeacht ACC dá fhlít de charranna idirchathrach. Mar gheall ar an dul chun cinn a rinneadh chuige sin, údar díomá ab ea an toradh sin, agus lean an CRI leis an ábhar ina dhiaidh sin trína líne chumarsáide oscailte le Bord IÉ d'fhonn aghaidh a thabhairt go dearfach ar an gceist ó thaobh deimhniú ACC d'fhlít ghluaisteoirí agus paisinéirí IÉ i rith 2017.

3.1.5 Iarnród Éireann – Inneall Ar Na Rianta

Eisíodh Litir Ghlactha do Chéim 1 (Coincheap) do Bhainisteoir Bonneagair Iarnród Éireann (BB-IÉ) an 4^ú Deireadh Fómhair 2016 chun Feithicil Taifeada Rianta nua a dhearadh, a dhéanamh, a thástáil agus a choimisiúnú.

3.1.6 Iarnróid Oidhreacht

Eisíodh Litir Ghlactha chun Seirbhís Eatramhach a Fheidhmiú maidir le dhá charráiste paisinéirí d'Iarnród Loch Duibhlinne an 28^ú Eanáir 2016.

Rinne Páirc Oidhreacht agus Fionnachtana Loilíoch Mór iarratas ar mheasúnacht ar dhá ghluaisteoir agus ar aon charráiste paisinéirí i mí Iúil 2016; tá an mheasúnacht ar siúl fós.

3.2 Bonneagar

Bhí an CRI gníomhach i rith 2016 sa phróiseas údaraithe sábháilteachta do thionscadail éagsúla bhonneagair freisin, faoi mar a thuairiscítear sna fo-chodanna seo a leanas.

3.2.1 LUAS Traschathrach

Chuaigh obair ar an Údarú le Cur i mBun Seirbhíse ó thaobh thionscadal Traschathrach LUAS ar aghaidh go maith i rith 2016 agus tharla cruinnithe rialta le BIÉ i rith na bliana. D'fhreastail conraitheoir na n-oibreacha bonneagair ar roinnt de na cruinnithe sin. Tá an struchtúr d'aighneachtaí *APIS* aontaithe agus tá obair ag dul ar aghaidh ar aighneachtaí maidir le Dearadh Mionsonraithe.

Eisíodh Litir Ghlactha chun Seirbhís Eatramhach a Fheidhmiú do BIÉ an 1^ú Iúil 2016 chun cead a thabhairt do LUAS na líne deirge atosú ar oibríochtaí tar éis don bhonneagar nua a tógadh ag an ngabhail idir Sráid na Mainistreach agus ag an ngabhail idir Uí Chonghaile agus Sráid Marlborough, ar a dtugtar Ceangal na Líne Deirge. Suiteáladh an bonneagar seo a leanas:

Ag an ngabhail idir Sráid na Mainistreach agus Uí Chonghaile:

- Trasnú idir LUAS na líne deirge agus LUAS na líne glaise (*LCC*);
- Tiontú amach ó LUAS na líne glaise chuig LUAS na líne deirge (ag dul siar).

Ag an ngabhail idir Sráid na Mainistreach agus Sráid Marlborough:

- Trasnú idir LUAS na líne deirge agus LUAS na líne glaise (*LCC*);
- Tiontú amach ó LUAS na líne glaise chuig LUAS na líne deirge (ag dul soir).



Bhuail *Transdev* (oibritheoir LUAS) leis an CRI an 12^ú Nollaig 2016 chun a bplean a chur i láthair maidir le hoibriú líonra leathnaithe LUAS a chur i ngníomh.

3.2.2 Droichid

D'éisigh an CRI roinnt Litreacha Glactha chuig Bainisteoir Bonneagair IÉ i rith 2016 i leith tionscadal nua droichid, mar seo a leanas:

- Litreacha Glactha do Dhearadh Mionsonraithe
 - Tardhroichead nua ag 114 míle, 250 troigh ar an bpríomhlíne idir Baile Átha Cliath & Gaillimh
 - Tardhroichead nua ag 10 míle, 1615 troigh ar an bpríomhlíne idir Baile Átha Cliath & Béal Feirste
- Litir Ghlactha chun Seirbhís Eatramhach a Fheidhmiú
 - Tardhroichead nua do Choisithe ag Stáisiún Dhuga na Canálach Móire

3.2.3 Iarnróid Oidhreacht

Eisíodh Litir Ghlactha le haghaidh Seirbhíse chuig Páirc Oidhreacht agus Fionnachtana Loilíoch Mór an 30^ú Lúnasa 2016 i gcomhair 965m d'iarnród caol.

3.2.4 Bealaí Cábla

Choinnigh an CRI, mar an tÚdarás Inniúil Ainmnithe do Bhealaí Cábla faoi I.R. Uimh. 766 de 2007, a ról i leith Carr Cábla Oileán Baoi. Lean an CRI ar aghaidh le bheith ag obair leis an sealbhóir dualgais, Comhairle Contae Chorcaí, i gcaitheamh na bliana, agus rinneadh cigireacht i rith shamhradh 2016

3.2.5 Ionad Náisiúnta Rialaithe Traenacha

Tiocfaidh an tIonad Náisiúnta Rialaithe Traenacha in ionad Ionad Rialaithe Tráchtála Lárnach IÉ atá ann faoi láthair ag Stáisiún Uí Chonghaile, agus beidh sé ina áis nua-aimseartha bainistíochta tráchtála chun gluaiseachtaí traenacha ar líonra IÉ a rialú. D'éisigh an CRI Litir Ghlactha do Chéim an Choincheapa don tionscadal seo do Bhainisteoir Bonneagair IÉ an 20^ú Nollaig 2016.

3.2.6 Brainse Fhainge

Tá líne an bhrainse idir Luimneach agus Faing, ar dúnadh é do sheirbhísí paisinéirí i mí Feabhra 1963 agus do lastas i mí na Samhna 2000, díomhaoín ó shin. Rian aonair atá i bhformhór na líne, atá 43 ciliméadar ar fad, ach leagadh an darna rian i 1968 sa 2 mhíle idir Luimneach agus Gabhail na Monarchan Stroighne chun an inniúlacht tráchta chuig agus amach ó Chaisleán Mhungairit a mhéadú. Bhí lúbóga (an dara rian) ann go mbeadh traenacha in ann ‘trasnú’ ag Tobar Phádraig, Bhaile an Gharráin agus Eas Géitine, ach baineadh an ceann sin amach i 1974.

Tá 14 crosaire comhréidhe ar bhóithre poiblí ar feadh an bhealaigh, agus is é 1 as 113 (0.885%) grád an rialóra ar an mbealach isteach chuig Tobar Phádraig. Mar gheall ar aois agus láidreacht tharbhealach Bhaile Riobaird, in aice le Faing, tá toirmeasc ar ghluaisteoirí ar a bhfuil ceann dubailte dul thairis. Is ionann an dá thréith seo den bhonneagar agus na fachtóirí is suntasaí ó thaobh an líne a athshlánú.

Mar gheall ar a nasc leis an gcalafort domhain ag Faing, tá an líne aicmithe mar chuid de líonra iarnróid chuimsitheach *TEN-T* an AE. Tá fonn ar Údarás Chalafoirt na Sionainne-Fhainge go n-ath-osclófar an brainse chun éascú le forbairt seirbhísí lastais iarnróid bunaithe ar thrácht iomportála/easportála a rachadh chun tairbhe an chalafoirt, an iarnróid, agus an gheilleagair náisiúnta araon.

Bhí an CRI i dteagmháil le hÚdarás Chalafoirt na Sionainne-Fhainge agus Bainisteoir Bonneagair Iarnród Éireann (BB-IÉ) le féachaint ar roghanna chun an líne a athshlánú de réir sonraíocht lena n-éascófaí leis an gcineál oibríochtaí traenacha lastais ardtáirgeachta a bheadh riachtanach go mbeadh sé rathúil ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta. Eisíodh Litir Ghlactha do Chéim an Choincheapa chuig BB-IÉ an 2^ú Meitheamh 2016 chun líne Fhainge a athshlánú agus a athnascadh leis an bpríomhlíne ag Luimneach.

3.2.7 Breisiú Teicniúil ag Crosairí Comhréidhe arna nOibriú ag an Úsáideoir

Is éard atá i gceist le breisiú teicniúil ag Crosairí Comhréidhe arna nOibriú ag an Úsáideoir ná cur le cúrsaí mar atá faoi láthair ag crosairí dá leithéid le córas de chineál soilse tráchta. Tá cruinnithe tar éis a bheith ag an CRI agus ag BB-IÉ roinnt uaireanta ó 2014, agus bronnadh údarú do chéim an choincheapa i mí Lúnasa 2014. Mar gheall ar an bhforbairt seo a bheith beagán eisceachtúil, tá caighdeán teicniúil a bhaineann go sonrach leis an tionscadal riachtanach go rachaidh an tionscadal trí chéimeanna ina dhiaidh. Bhuaile an CRI le BB-IÉ faoi dhó i rith 2016 chun an caighdeán teicniúil don tionscadal a fhorbairt tuilleadh.

3.3 Comharthaíocht agus Teileachumarsáid

3.3.1 Painéal Ríomhaire Pearsanta chun Éigeandálaí a Rialú

Tar éis údarú a fháil le haghaidh trialach oibriúcháin ar Phainéal Ríomhaire Pearsanta Bhaile Átha Cliath Thuaidh chun Éigeandálaí a Rialú in 2015 deonaíodh údarú iomlán le haghaidh seirbhíse an 5^ú Feabhra 2016.

3.3.2 Tionscadal Athchomharthaíochta Lár Bhaile Átha Cliath

Lean obair ar aghaidh ar an tionscadal seo i rith 2016. D’eisigh an CRI Litreacha Glactha chun Seirbhís Eatramhach a Fheidhmiú i leith na n-oibreacha seo a leanas an 1^ú Meitheamh 2016:

- Oibreacha Chuid 3 an Tionscadail, Céim 8 (coimisiún na príomh-chomharthaíochta) agus Céim 9 (céim dheiridh)

- Rialtóirí crosairí comhréidhe de chineál *Siemens S7 'DART'* ag Bóthar Lansdún agus Ascaill na Lúb

3.3.3 Córas Uilíoch le haghaidh Cumarsáide Soghluaiste – Iarnród (*GSM-R*)

Eisíodh Údarú d'Oibriú Eatramhach do Chéim 1 *GSM-R* an 18^ú Márta 2016 i gcomhair:

- Na mbonnstáisiún agus aeróga *GSM-R* ar feadh bhealach an DART, agus
- Rialtóir bonnstáisiúin ag *CTC*, síneadh a chur leis an *SDH* le nód tarchuradóireachta snáthoptaice bhreise agus athruithe ar theirminéil *FTN GUI* ag *CTC* ag na Clocha Liatha.

D'eisigh an CRI Údarú d'Oibriú Eatramhach na radíonna cábain atá oiriúnach do *GSM-R* d'fhlít *EMU* an DART an 7^ú Aibreán 2016.

3.3.4 Córas Hibrídeach Iarnród Éireann

Tá córas cosanta traenacha saindeartha á fhorbairt ag IÉ faoi láthair, dá ngairtear Córas Hibrídeach Iarnród Éireann (CHIÉ). Cuirtear forléargas i láthair leis an tábla seo a leanas ar na gníomhaíochtaí buntábhachtacha a tharla i rith 2016 i dtaca le tionscadal seo IÉ.

Dáta	Gníomhaíocht
02/02/2016	Cruinniú tionscadail le IÉ chun an t-Iarratas Cineálach ar Dhearadh Mionsonraithe Chéim 3 a phlé, a fuarthas i mí na Nollag 2015.
02/03/2016	Reachtáladh cruinniú eile chun an áit mar a raibh an tionscadal a phlé ó thaobh Dearaidh Mhionsonraithe. Bhí sé soiléir go raibh gá le hIarratas Cineálach uasdátaithe ar Dhearadh Mionsonraithe Chéim 3.
12/08/2016	Fuarthas Iarratas Cineálach uasghrádaithe ar Dhearadh Mionsonraithe Chéim 3 ó IÉ.
19/09/2016	Cruinniú tionscadail le IÉ. Díríodh leis an gcrúinniú seo ar thorthaí an Mheasúnóra Sábháilteachta Neamhspleáiche; saincheistanna móra maidir le dearadh fós oscailte.
25/10/2016	Faisnéis uasdátaithe fuarthas ó IÉ, lena n-áirítear na torthaí ba dhéanaí ón Measúnóir
05/12/2016	Bhuail an CRI leis an Measúnóir Sábháilteachta Neamhspleách.

Tábla 13: Tionscadal CHIÉ – Gníomhaíochtaí Buntábhachtacha, 2016

Tá an tionscadal seo fós ag dul ar aghaidh go mall. I dtreo dheireadh na bliana ní raibh sé soiléir fós conas a bhí saincheistanna móra maidir le dearadh le réiteach. D'iarr an CRI cruinniú leis an Measúnóir Sábháilteachta Neamhspleách chun tuiscint níos fearr a fháil ar an mbealach a raibh clabhsúr le cur le saincheistanna móra nó lena réiteach, agus tharla an cruinniú seo go luath i mí na Nollag, ach ní raibh saincheistanna tábhachtacha maidir leis an dearadh, lena mbeifí ag súil a bheith san iarratas ar Údarú le Cur i mBun Seirbhíse, réitithe fós ag deireadh 2016.

Teorainneacha Tionscadail

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach seachadófar le tionscadal chóras cosanta traenacha CHIÉ ach córas de 'Aicme B'; níl sé i gceist go gcuirfidh sé an Córas Bainistíochta Tráchtá Iarnróid Eorpach i ngníomh nó go mbeidh sé ina chomhéadan caighdeánach idir córas de 'Aicme B' agus comhchuid *ETCS* den chóras Eorpach.

Tá amhras ann an mbeadh sé inghlactha don Choimisiún Eorpach córas 'nua' Aicme B a chur i ngníomh ar feadh líonra IÉ ar fad. Deirtear go soiléir sa tSonraíocht Theicniúil don Idirbriathraíocht, Rialachán (AE) Uimh 2016/919 (in Airteagal 8) "go gcinnteoidh Ballstáit go bhfanfaidh feidhmiúlacht,

feidhmíocht agus comhéadain chórais nua Aicme B faoi mar atá sonraithe faoi láthair, ach amháin sa chás gur gá modhnuithe a dhéanamh chun fabhtanna a bhaineann le sábháilteacht sna córais sin a mhaolú.”

Thairis sin, is cosúil ón 30^ú Meitheamh 2015 nach féidir le Ballstát fógra a thabhairt faoi chóras ‘nua’ Aicme B.

Tá ceist ann freisin maidir le cibé acu an bhfuil cead ag an CRI (mar an t-údarás náisiúnta sábháilteachta faoi na Treoracha maidir le sábháilteacht agus idiroibritheacht araon) údarú a thabhairt go gcuirfear córas ‘nua’ Aicme B i mbun seirbhíse. Ar an láimh eile, is féidir leis an CRI modhnuithe a údarú a theastaíonn chun fabhtanna a bhaineann le sábháilteacht i gcórais leagáideacha a mhaolú, m.sh. an *ATP* agus feidhmiúlacht na maoirseachta ar luas ar rothstoc DART a choinneáil ar bun ar feithimh deireadh a bheith á chur de réir a chéile leis an gcóras Aicme B atá ann faoi láthair.

3.3.5 Aistriú chuig CBTIE

Tá beartas iompair iarnróid an Aontais Eorpaigh treoraithe i leith Limistéar Iarnróid Aonair Eorpach a chruthú. Chuige sin, leagtar síos le reachtaíocht iarnróid an AE an creat d’idiroibritheacht agus sábháilteacht ar chóras iarnróid an AE.

Chun socruithe a dhéanamh do chomhoiriúnacht teicniúil idir fo-chórais, tá Rialachán lena socraítear an tSonraíocht Theicniúil don Idiroibritheacht do gach fo-chóras tugtha i bhfeidhm. Is é Rialachán (AE) Uimh 2016/919 an tSonraíocht sin a bhaineann leis an bhfo-chóras lena ndéantar rialú, ordú agus comharthaíocht (*CCS-TSI*).

Tá líonra IÉ ina chuid de tSonraíocht fhoriomlán agus, seachas roinnt línte lena mbaineann dlús íseal, tá bonneagar iarnróid IÉ ina chomhchuid de líonra cuimsitheach *TEN-T*. Rud atá tábhachtach, tá dorchlaí iarnróid na rianta dúbailte idir Baile Átha Cliath – Béal Feirste agus Baile Átha Cliath – Corcaigh aicmithe mar phríomhchodanna de líonra *TEN-T*.

Tá córas aonair comhchuibhithe um Rialú, Ordú, Comharthaíocht agus Cumarsáid forbartha, an Córas Bainistíochta Tráchta Iarnróid Eorpach (CBTIE), chun na bacainní teicniúla i gcoinne na hidiroibritheachta laistigh de Bhallstáit agus trasna teorainneacha a bhaint amach. Tá a éabhlóid bunaithe ar an gcomhoiriúnacht, agus is féidir a chomhchodanna a fhoinsiú ó bhonn soláthair leathan.

3.4 Beartas Náisiúnta Cosanta Traenacha

Rinneadh tagairt i dTuarascáil Bhliantúil an CRI i gcomhair 2015 don athbhreithniú cuimsitheach a rinne an CRI in 2014/2015, lenar aithníodh na rioscaí a bhí de dhlúth is d’inneach na gcóras comharthaíochta agus teileachumarsáide atá in úsáid faoi láthair ar líonra IÉ. Seachas na traenacha leictreacha atá ag feidhmiú i limistéar an DART, ní thugann córais comharthaíochta IÉ leibhéal na cosanta traenach lena mbítear ag súil ó iarnród a iompraíonn paisinéirí i ngeilleagar forbartha an lae inniu; níl aon chineál trealaimh Chosanta Traenach Uathoibríoch nó maoirseachta luasa ar 95% de líonra IÉ.

Príomhthoradh athbhreithniú cuimsitheach an CRI ná moladh gur cheart go bhforbrófaí beartas náisiúnta lena dtabharfar méadú ar leibhéal na cosanta do ghluaiseachtaí traenacha ar líonra IÉ, agus gur cheart go leagfaí straitéis síos lena chur i ngníomh.

Cé go bhféadfaí cuspóirí beartais dá leithéid a chomhlíonadh le córas saindeartha, tá sé ina fhachtóir criticiúil go seasfaidh córas an aimsir sa mhéad go mbeifear in ann é a chur in oiriúint do riachtanais

amach anseo agus go mbeidh tacaíocht leanúnach ann do tháirgí – ceisteanna is ea iad sin nár chóir a chur as an áireamh i leith oibleagáidí fadtéarmacha an Stáit faoi Threoracha an AE, go háirithe an t-uasdátú atá le déanamh in 2023 ar an bPlean Eorpach le CBTIE a chur i bhfeidhm, lena leagfar amach go cruinn na dátaí lena gcuirfear an chuid dheiridh de Phríomhdhorchlaí an Líonra i ngníomh.

Bhuail an CRI le IÉ agus le ITÉ an 1^ú Meitheamh 2016 chun an cur chuige a phlé i leith Beartas Náisiúnta Cosanta Traenacha a cheapadh lena gcuimseofaí rolladh amach *ATP* agus maoirseachta luasa ar feadh líonra IÉ agus, ag an am céanna, beartas lena gcomhlíonfaí cuspóirí fadtéarmacha bheartas iompair iarnróid an AE. Chuige sin, aontaíodh gur cheart do IÉ dréachtcháipéis a fhorbairt le scaipeadh. Táthar ag súil leis go mbeidh an Beartas Náisiúnta Cosanta Traenacha forbartha go hiomlán faoi dheireadh an dara ráithe de 2017.

3.5 Ceadúnú Tiománaithe Traenach

I rith 2016, scaip an CRI foirmeacha iarratais agus treoir ar na Gnóthais Iarnróid ábhartha. Tá an CRI ag fanacht le foirmeacha iarratais chomhlánaithe agus eiseofar ceadúnais go luath in 2017 dar leis.



4. Maoirseacht & Forfheidhmiú

Faoi reachtaíocht Eorpach agus náisiúnta, caithfidh an CRI maoirseacht a dhéanamh, trí mhodhanna éagsúla, ní amháin go mbíonn a gcuid CBSanna ceadaithe á bhfeidhmiú ag eagraíochtaí iarnróid, ach go mbíonn siad éifeachtach freisin. Chuige sin, forbraíonn an CRI pleannana maoirseachta ilbhliantúla agus/nó bliantúla do gach eagraíocht iarnróid a fheidhmíonn sa Stát. Áirítear leis na pleananna seo: cruinnithe maoirseachta, including meetings with company executives, iniúcháireacht ar mar a chomhlíonann eagraíochtaí iarnróid a CBS faoi seach, iniúcháireacht ar phróisis, cigireacht shamplach ar shócmhainní, agus gníomhaíochtaí frithghníomhacha a dhéanamh cosúil le bheith ag leanúint le tionóiscí, eachtraí, tarlúintí contúirteacha, nó uirill ón bpobal nó ó thríú páirtí eile. Forbraítear na pleananna agus úsáid á baint as foinsí éagsúla le cabhrú le gníomhaíochtaí maoirseachta a spriocdhíriú agus áirítear leo siúd:

- Ceanglais ó thaobh an dlí maidir le sábháilteacht a bhainistiú;
- Gníomhaíochtaí agus aschuir mhaoirseachta ón gcéanna ag an gCoimisiún roimhe;
- Breithiúnas gairmiúil an CRI féin;
- Buairimh an tionscail ó thaobh na sábháilteachta, a thagann chun cinn de thoradh tionóiscí agus eachtraí iarnróid, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta;
- Gearáin agus uirill ag, nó thar ceann ball foirne, paisinéirí nó páirtithe a bhí thíos leis; agus
- Monatóireacht fhrithghníomhach, lena n-áirítear cigireacht iar-eachtra le féachaint ar comhlíonadh nósanna imeachta.

Caithfidh na pleananna fachtóirí éagsúla a chur san áireamh cosúil le méid agus castacht na heagraíochta iarnróid. Tá gníomhaíocht mhaoirseachta agus fhorfheidhmiúcháin an CRI buntábhachtach le cinntiú ní amháin go gcoinníonn eagraíochtaí iarnróid orthu na rialacháin a chomhlíonadh agus a gcuid CBSanna ceadaithe á bhfeidhmiú acu, ach go mbíonn siad ag déanamh a ndíchlill freisin le feabhsúcháin a bhaint amach. Cuirtear forléargas ar ghníomhaíocht mhaoirseachta an CRI i gcomhair 2016 i láthair sna fo-chodanna seo a leanas.

4.1 Iniúcháireacht ar an gComhréireacht (Maoirseacht Réamhghníomhach)

Thionscain an CRI na hiniúcháireachtaí i rith 2016 a gcuirtear síos orthu sa tábla seo a leanas:

Eagraíocht Iarnróid	Teideal na hIniúcháireachta	Rinneadh
RPSI - GI	Bainistiú Oiliúna & Inniúlachta ag an RPSI (Iarscríbhinn II – Critéar N)	Aibreán 2016
Iarnróid Thuaisceart Éireann	Bainistiú ITÉ ar Chothabháil Rothstoc an <i>Enterprise</i> (Iarscríbhinn III – Critéar C)	Bealtaine 2016
Iarnród Éireann - BB	Iniúcháireacht de réir ‘Sliosa Ingearaigh’ ar Roinn Oibríochtaí an Bhainisteora Bonneagair	Iúil 2016
Transdev (LUAS)	Athbhreithniú Bainistíochta Straitéisí	Deireadh Fómhair 2016
Transdev (LUAS)	Comparáid – Eagraíocht Ard-Intaofachta	Deireadh Fómhair 2016
Balfour Beatty Rail Ireland	Monatóireacht Inmheánach (Iarscríbhinn II – Critéar S)	Samhain 2016
Iarnród Éireann - GI	Iniúcháireacht de réir ‘Sliosa Ingearaigh’ ar Roinn na nOibríochtaí	Samhain 2016
Iarnród Éireann - IM	Mar a bhainistítear na Rianta	Nollaig 2016

Tábla 14: Iniúcháireachtaí a rinne an CRI in 2016

As measc na n-iniúcháireachtaí thuas, tugadh ceithre chinn chun críche in 2016. Lena chois sin, thug an CRI dhá iniúcháireacht, a tionscnaíodh sa chuid deiridh de 2015, chun críche. Táirgeadh moltaí le gach ceann de na hiniúcháireachtaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar nithe a tháinig as torthaí na n-iniúcháireachtaí. Soláthraítear tuilleadh mionsonraí sa tábla thíos.

Eagraíocht Iarnróid	Teideal na hIniúcháireachta	Cás Tromchúiseach – Neamh-chomhlíonadh	Cás Mionchúiseach – Neamh-chomhlíonadh	Gníomh Riachtanach
Iarnród Éireann - GI	Bainistiú Roinn an Phríomhinnealtóra Meicniúil ar Chúplairí Traenach	0	0	3
Iarnród Éireann - GI	Rialachán (AE) Uimh 1158/2010, larscríbhinn II, Critéar S, forálacha le haghaidh Iniúcháireachta Inmheánaí Athfhilltí ar an CBS, agus Rialachán (AE) Uimh No 1078/2012 Monatóireacht arna feidhmiú ag Gnóthas Iarnróid	0	3	6

Tábla 19: Iniúcháireachtaí tionscanta in 2015 agus tugtha chun críche ag an gCoimisiún in 2016

Eagraíocht Iarnróid	Teideal na hIniúcháireachta	Cás Tromchúiseach – Neamh-chomhlíonadh	Cás Mionchúiseach – Neamh-chomhlíonadh	Gníomh Riachtanach
Iarnród Thuaisceart Éireann	Bainistiú ITÉ ar Chothabháil Rothstoc an <i>Enterprise</i> (larscríbhinn III – Critéar C)	0	0	2
RPSI - GI	Bainistiú Oiliúna & Inniúlachta ag an RPSI (larscríbhinn II – Critéar N)	0	0	3
Transdev (LUAS)	Athbhreithniú Bainistíochta Straitéisí	0	3	5
Transdev (LUAS)	Comparáid – Eagraíochta Ard-intaofachta	0	0	19

Tábla 20: Iniúcháireachtaí an CRI a tionscnaíodh agus a tugadh chun críche in 2016

Réimse is ea ‘Dea-Chleachtas’ a chuirtear chun solais i gcás, dar leis an Iniúcháir (Cigire an CRI), atá ina dhea-chleachtas laistigh den tionscal. Luann an CRI dea-chleachtas i gcás go n-aithneofar sin agus, sna hiniúcháireachtaí réamhluaite a cuireadh i gcrích in 2016, bhí 12 dhea-chleachtas ann san iomlán a aithníodh trasna roinnt eagraíochtaí iarnróid. (Tábla 15)



Eagraíocht Iarnróid	Teideal na hIniúcháireachta	Dea-Chleachtas
Iarnród Éireann - GI	Bainistiú Roinn an Phríomhinnealtóra Meicniúil ar Chúplairí Traenach	3
Iarnród Éireann - GI	Rialachán (AE) Uimh 1158/2010, larscríbhinn II, Critéar S, forálacha le haghaidh Iniúcháireachta Inmheánaí Athfhilltí ar an CBS, agus Rialachán (AE) Uimh No 1078/2012 Monatóireacht arna feidhmiú ag Gnóthas Iarnróid	1
Iarnróid Thuaisceart Éireann	Bainistiú ITÉ ar Chothabháil Rothstoc an <i>Enterprise</i> (larscríbhinn III – Critéar C)	2
RPSI - GI	Bainistiú Oiliúna & Inniúlachta ag an RPSI (larscríbhinn II – Critéar N)	3
Transdev	Athbhreithnniú Bainistíochta Straitéisí	3

Tábla 15: Dea-chleachtas arna aithint ag an CRI in 2016

Áirítear iad seo a leanas i measc samplaí dea-chleachtais a aithníodh in 2016:

- GI-IÉ ag fostú seirbhísí cuideachta speisialaithe chun measúnacht agus cothabháil a dhéanamh ar chúplairí i bhflíteanna GI-IÉ.
- Oiliúint á soláthar do bhaill foirne i roinn an Phríomhinnealtóra Meicniúil maidir le bheith ag déileáil le tascanna cothabhála neamhphleanáilte.
- Úsáid na teicneolaíochta i roinn an Phríomhinnealtóra Meicniúil ag IÉ chun cabhrú le hintaofacht na flíte a bhainistiú.
- Sonraí ar fhabhtáí a tharla le déanaí á gcoinneáil go fisiciúil ag ITÉ ina sheomra rialaithe, rud a fhágann go mbeifear in ann breathnú orthu go héasca sciobtha chun soiléiriú ar tharla an fabht roimhe.
- RPSI a bheith ag tabhairt faoi chleachtaí deisce chun cabhrú le baill foirne ullmhú le haghaidh éigeandálaí.
- RPSI ag freastal ar chleachtaí éigeandála ag Iarnród Éireann.
- Transdev a bheith ag tabhairt isteach Feidhmchlár Seachadta Seirbhíse saindeartha lenar cumasaíodh cur chuige éifeachtúil i leith tiománaithe a mheasúnú.
- Gníomhaíochtaí iar-eachtra ag Transdev a bhain le tiománaithe a fhorbairt – gluaiseacht dhearfach is ea sin chun cabhrú le tiománaithe feabhsú i gcás gur aithníodh easnaimh (seachas bearta pionósacha a ghlacadh)

Eagraíocht Iarnróid	Teideal na hIniúcháireachta	Iniúcháireacht Tionscanta
<i>Balfour Beatty Rail Ireland</i>	Monatóireacht Inmheánach (larscríbhinn II – Critéar S)	Samhain 2016
Iarnród Éireann - BB	Iniúcháireacht de réir 'Sliosa Ingearaigh' ar Roinn Oibríochtaí an Bhainisteora Bonneagair	Samhain 2016
Iarnród Éireann - GI	Iniúcháireacht de réir 'Sliosa Ingearaigh' ar Roinn na nOibríochtaí	Samhain 2016
Iarnród Éireann - BB	Mar a bhainistítear na Rianta	Nollaig 2016

Tábla 16: Iniúcháireachtaí an CRI a tionscnaíodh ach ná tugadh chun críche in 2016

Do na hiniúcháireachtaí sin a tugadh chun críche in 2016, agus i gcás gur thángthas, leis an iniúcháireacht, ar chásanna nár comhlíonadh an dlí agus/nó CBS ceadaithe ina leith, iarradh ar na heagraíochtaí iarnróid a bhí i gceist Plean Feabhsúcháin a chur isteach, de réir cheanglais Alt 76 den

Acht um Shábháilteacht Iarnróid. I bhformhór mór na cásanna, tá na gníomhartha ceartaitheacha agus na coisc chomhaontaithe curtha i ngníomh cheana féin ag na heagraíochtaí iarnróid atá i gceist, nó tá siad i mbun an phróisis sin.

4.1.1 Scrúduithe Iar- Eachtra (Maoirseacht Fhrithghníomhach ar Thionóiscí nó Eachtraí)

Feidhmíonn an CRI uainchlár lena bhfághtar go mbíonn Cigire ar fáil ar glao-dhualgas 24 uair in aghaidh an lae, 364 lá in aghaidh na bliana chun freagairt d'fhógra faoi eachtra. In 2016, fuair an CRI 63 fógra san iomlán agus d'fhreagair do 2 cheann díobh sin. Is le líonra IÉ a bhain tromlach na bhfógraí (29) agus bhain 26 le líonra LUAS.

Seachas na heachtraí sin inar tugadh le fios gur ghortaigh duine é nó í féin d'aon turas, rinneadh tuilleadh imscrúdaithe ar gach eachtra a fógraíodh don Choimisiún. In aon chás inar measadh go raibh an tsábháilteacht i mbaol, lorg an CRI na dearbhuithe riachtanacha go raibh bearta curtha i bhfeidhm ag an eagraíocht ábhartha leis na rioscaí a mhaolú.

Is brónach an scéal go raibh ceithre tharlúint mharfacha ar líonra IÉ in 2016, agus é cosúil in ngach cás gur ghortaigh duine é nó í féin d'aon ghnó. Bhí roinnt mhaith eachtraí eile ann a bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith ag baint leo freisin agus cúinsí beagán difriúil, lena áiríodh:

- Bhuail traein duine ag tardhroichead OBC65, An Droichead Nua, 1^ú Feabhra 2016
- Ghearr conraitheoir, a bhí ag obair ar chás suímh iomarcaigh i limistéar Chnoc an Éin Fhinn i Luimneach cábla 650V a bhí beo
- Bhuail traein duine i gCill Airne, 8^ú Meán Fómhair 2016

4.1.2 Forfheidhmiú

Tugann Alt 7 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 cumhachtaí leathana forfheidhmiúcháin don CRI. Tá cumhacht le Plean Feabhsúcháin a iarraidh ina gcuid de na cumhachtaí sin, chomh maith le cumhacht le Fógra Feabhsúcháin nó Fógra Toirmisc a sheirbheáil, agus iarratais chuig an Ard-Chúirt. Soláthraíonn I.R. Uimh. 444 de 2013 an cumhacht don CRI Údarú Sábháilteachta nó do Dheimhniú Sábháilteachta a chúlghairm.

Agus an CRI ag baint leasa as a chuid cumhachtaí forfheidhmiúcháin, cuireann sé, cibé cás inar féidir, prionsabal an ghéaraith i bhfeidhm i gcás gurb é an aidhm go mbeidh gníomhartha i gcomhréir agus an CRI ag freagairt d'aon teip, nó ní ar cosúil gur teip atá ann, ag eagraíocht iarnróid. Thionscain an CRI na bearta forfheidhmiúcháin seo a leanas in 2016:

Alt 76 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 – Pleananna Feabhsúcháin iarrtha:

- tar éis Iniúcháireacht an CRI ar Mhonatóireacht Inmheánach GI-IÉ (Iarscríbhinn II, critéar S)
- tar éis Iniúcháireacht an CRI ar Bhainistíocht Straitéiseach *Transdev*

Alt 77 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 – Fógra Feabhsúcháin seirbheáilte:

- Tar éis gur theip ar Iarnród Éireann (IÉ) Cuid 9 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid, go sonrach ailt 88(1)(b) agus 89(2) a chomhlíonadh, .i., beartas neamh-chomhlíontach a riaradh maidir le drugaí agus alcól

Alt 78 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 - Fógra Toirmisc seirbheáilte:

- Tar éis gur theip ar Iarnród Éadrom Dhuibhlinn cuid 4 den Acht (alt 43(1)), i.e., a chomhlíonadh, .i. ag feidhmiú le rothstoc nach raibh údaraithe ag an CRI.
- Rothstoc De Deitrich a bheith á fheidhmiú ag ITÉ ar sheirbhís an *Enterprise*, a bhfuil fabhtanna de dhlúth & d'inneach na ndoirse a fhágann go mbíonn na doirse ag oscailt ar an taobh mícheart.

4.1.3 Monatóireacht ar Shaincheisteanna Teicniúla

I gcás go dtagann saincheisteanna teicniúla áirithe chun cinn, feadfaidh cigirí de chuid an CRI cinneadh a dhéanamh monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhartha atá á ndéanamh ag an eagraíocht iarnróid ábhartha le haghaidh a thabhairt ar nithe a d'fhéadfadh a bheith ina n-údar imní ó thaobh na sábháilteachta de. De ghnáth, tarlaíonn seo tríd an gCoimisiún a bheith ag freastal ar chruinnithe nó ar cheardlanna measúnachta rioscaí, agus trí chigireacht a dhéanamh ar shócmhainní nó oibríochtaí. In 2016, bhí líon beag saincheisteanna ann a ndearnadh gníomhaíocht mhaoirseachta dá leithéid ina leith, lena n-áirítear:

- Caitheamh neamhghách sna himthacaí siurnail acastóra i bhflít Charranna Iarnróid Idirchathrach IÉ d'Aicme 22000
- Modhnú a chur i ngníomh ar choscánú hidridinimiciúil ar fhlít *DMU* GI-IÉ d'Aicme 29000
- Cliseadh ar fheadán crochta an mhótair thraicsin ar Ghluaistear GI- IÉ-RU d'Aicme 201
- Próiseas BB-IÉ um Rialú Cothabhála Náisiúnta & Bainistíochta Fabhtanna Comharthaíochta
- Samhail BB-IÉ maidir le rioscaí Crosairí Comhréidhe
- Bainistiú *Transdev* ar tharlúintí tramanna á scutú

Coinníonn an CRI súil ghéar ar na saincheisteanna seo chun monatóireacht a dhéanamh ar na saincheisteanna gaolmhara chun dearbhú a fháil go mbíonn eagraíochtaí ábhartha ag bainistiú rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

Imthacaí Siurnail Acastóra d'Aicme 22000

I dtuarascáil bhliantúil an CRI i gcomhair 2013, rinneadh tagairt do mhonatóireacht ar chaitheamh neamhghách a tháinig chun solais sna himthacaí siurnail acastóra i gCarranna Iarnróid Idirchathrach IÉ. Tá ré inúsáidte na n-imthacaí siurnail acastóra a bhíodhas ag feiceáil ar na feithiclí sin d'Aicme 22000 cuid mhaith níos ísle ná an leibhéal lena mbeifí ag súil de réir an dearaidh. Ina Thuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2015, rinne an CRI nóta de nach raibh bunchúis na faidhbe leis na himthacaí déanta amach go hiomlán fiú thart faoi 3½ bliain tar éis don fhadhb teacht chun cinn den chéad uair.

Tá monatóireacht á déanamh ag an CRI ar an scéal go leanúnach ó shin, trí chruinnithe agus athbhreithniú ar eolas uasdátaithe arna sholáthar ag GI-IÉ, agus i mí na Samhna 2015, chuir an CRI a chuid imní in iúl do IÉ maidir le ráta mall an dul chun cinn ó thaobh an bhunchúis a aithint; agus d'iarr air IÉ GI Plean Feabhsúcháin a chur faoina bhráid lena léireofaí go soiléir conas a bhí sé i gceist acu rioscaí a rialú agus réiteach ar an bhfadhb a shonrú.

De réir thasc an Phlean Feabhsúcháin le seirbhísí comhairleoirí a raibh an saineolas ábhartha acu a fhostú chun an fhadhb a imscrúdú, cheap GI-IÉ *SNC-Lavalin Rail & Transit Ltd (SNCL)* — ar *Interfleet Technology* a bhí orthu roimhe — le hathbhreithniú a dhéanamh, tuairim a sholáthar maidir le leordhóthaineacht na maoluithe a feidhmíodh, agus moltaí a dhéanamh chun an fhadhb a réiteach.

Chuir *SNCL* a dtuairisc faoi bhráid GI-IÉ i mí Mheithimh 2016 agus bhuail an CRI le GI-IÉ agus *SNC-Lavalin* an 21^ú Iúil 2016 le hachóimre a fháil ar an tuairisc. Cuirtear síos sa tuairisc ar an obair a rinneadh

agus na conclúidí a tháinig chun cinn; déantar moltaí ann freisin chun an fhadhb a sháru. Is iad seo a leanas torthaí na tuairisce:

- Tá damáiste le feiceáil ar na himthacaí, damáiste a bhaineann le seachlódáil go minic.
- Is leor an lámhaltas atá cothaithe idir fráma an bhógaí agus sraith na mbonn go mbeadh difríocht suntasach idir diminsin na gcomhchodanna seo, agus d'fhéadfadh seachlódáil nach beag teacht dá bharr sin.
- Is cosúil nach bhfuil rialú maith go leor déanta ar gheoiméadracht an imthaca, agus nuair a chuirtear sin in éineacht leis an seachlódú, d'fhéadfadh riosca níos mó teacht chun cinn go dtarlódh teip roimh am. Is cosúil go dtacaíonn an fhianaise ó scrúduithe ar imthacaí leis an dearcadh seo.

Is iad seo a leanas na príomh-mholtaí a rinne *SNCL*:

- Ba cheart comhéadan na n-imthacaí leis an mbosca acastóra a thiontú ina dhearadh 'ar foluain', chun an riosca maidir le seachlódú a íoslaghdú.
- Ba cheart dúshlán a thabhairt do sholáthraí reatha na n-imthacaí maidir le cáilíocht na n-imthacaí atá á soláthar acu. Mura féidir leo imthacaí ar chaighdeán oiriúnach a thairiscint, ba cheart soláthraithe malartacha a lorg.

Mhol *SNCL* thairis sin go mb'fhéidir gurbh fhearr an dá mholadh thuas a bhaint amach trí shonraíocht a tháirgeadh maidir le modhnú imthacaí agus boscaí acastóra agus é a eisiúint do sholáthraithe féideartha imthacaí.

Mar gheall ar a bhfuil tarlaithe ó mhí Eanáir 2016, agus fairsinge an Phlean Feabhsúcháin bunaidh, chinn an CRI go raibh ceangal ar GI-IÉ an darna Plean Feabhsúcháin a chur faoina bhráid chun aghaidh a thabhairt *inter alia* ar an mbealach a fhorbrófar agus a chuirfear réitigh ar an mbunchúis a d'aithin *SNCL* i ngníomh. An 12^ú Deireadh Fómhair 2016 ghlac an CRI leis an bPlean Feabhsúcháin a forbraíodh trí phróiseas atriallach ag GI-IÉ mar fhreagairt ar ordú an CRI a eisíodh an 24^ú Lúnasa 2016. Tá GI-IÉ lena réiteach ar an bhfadhb maidir le himthacaí Aicme 22000 a chur i láthair an CRI sa chéad ráithe de 2017.

4.1.4 Cigireacht

Thug an CRI faoi roinnt cigireachtaí eile ar Iarnród Éireann, ar Transdev (LUAS) agus ar *Balfour Beatty Rail Ireland* in 2016, lena díríodh ar:

- Sócmhainní iarnróid lena n-áirítear go háirithe rothstoc, stáisiúin agus crosairí comhréidhe;
- Bainistíocht Imeachtaí (*Transdev*, agus an *Railway Preservation Society of Ireland*); agus
- Bonneagar Iarnróid Éadroim, tramanna agus monatóireacht ar oibreacha comhéadain an LUAS Traschathrach
- Córas forairdill Thiománaithe Tramanna LUAS (ar tugadh faoi de bhun na tionóisce tragóidí in Croydon, An Ríocht Aontaithe an 9^ú Samhain 2016)
- Beartais na nEagraíochtaí Iarnróid um Dhrugraí & Alcól

Rinneadh an CRI roinnt scrúduithe i rith 2016 ar iarnróid oidhreachta féinchoinnithe a bhí i mbun feidhme freisin. Lena chois sin, sa chás go rabhthas in ann, thapaigh Cigirí an CRI an deis le taisteal in innill fhéinghluaiste agus i gcábáin traenacha chun oibríochtaí agus an bhail a bhí ar an mbuanbhealach a mheasúnú.

Tá na torthaí ar fad ón gcigireacht sin á dtabhairt chun cinn ag an eagraíocht iarnróid atá i gceist, agus tá an CRI ag déanamh monatóireachta ar leigheas gach saincheiste a bhfuil baint criticiúil leis an tsábháilteacht.

4.1.5 Cruinnithe Maoirseachta

Eilimint bhuntábhachtach de réimeas maoirseachta an CRI is ea a bheith ag bualadh le feidhmeannaigh ó na heagraíochtaí iarnróid éagsúla le hathbhreithniú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta ar bhonn leanúnach. San áireamh leis bhí athbhreithniú críochnúil ar eachtraí le déanaí (tionóiscí tromchúiseacha, tionóiscí agus eachtraí), athbhreithniú ar tháscairí feidhmíochta na n-eagraíochtaí iarnróid ó thaobh na sábháilteachta, a mbainisteoireacht ar athruithe agus a dtiomantas don fheabhsú leanúnach.

Lena chois sin, reáchtáileadh cruinnithe go minic le heagraíochtaí iarnróid chun monatóireacht a dhéanamh ar mar a chuirtear moltaí i ngníomh ó thaobh na sábháilteachta i dtuairiscí arna n-eisiúint ag an Aonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid (AITI) tar éis a n-imscrúduithe neamhspleácha 'cúisíocha (féach ar fho-chuid 2.5, thuas) agus i dtuairiscí arna n-eisiúint an CRI. Rinne BB-IÉ ach go háirithe dul chun cinn suntasach in 2016 ó thaobh a bheith ag dul i ngleic le riaráiste thorthaí iniúchóireachta an CRI, ar líon inbhainistithe anois iad, agus samhlaítear go mbainfear toradh cosúil leis sin amach le GI-IÉ i rith 2017.

4.1.6 Buairimh an Tionscail

In 2016, fuair an CRI naoi (5) bhfoláireamh sábháilteachta tionscail ón nGníomhaireacht Eorpach Iarnróid (GEI). Bhí nithe éagsúla i gceist leo idir shaincheisteanna feidhmíochta a bhain le boinn lochtacha ar shraith na mbonn agus scoilteanna a fuarthas i bhfrámaí bógaí feithiclí. Tugadh fógra do na heagraíochtaí iarnróid ábhartha i ngach cás agus gníomhaíodh ina leith cibé uair ba ghá. Lena chois sin, thug an tionóisc tragóideach in Croydon, an Ríocht Aontaithe an 9^ú Samhain 2016 nod don CRI dearbhuithe a lorg ó *Transdev*, oibreoir thramanna LUAS Bhaile Átha Cliath, go bhfuil córais i bhfeidhm chun an riosca go dtarlódh rud cosúil leis sin i mBaile Átha Cliath, a íoslaghdú.

4.1.7 Uiríll

Tugann an CRI an-aird ar fad i gcónaí ar aon uiríoll a bhaineann le cúrsaí sábháilteachta iarnróid ó fhoireann iarnróid, ó phaisinéirí iarnróid, ón bpobal nó ó dhaoine eile. Féachann an CRI, cibé uair is féidir, le déileáil lena leithéid de chúrsaí go díreach. I gcás gur gá, lorgann an CRI faisnéis bhreise ó na heagraíocht(aí) iarnróid ábhartha chun freagra chuimsitheach iomlán a sholáthar don duine a rinne an t-uiríoll.

In 2016, fuair an CRI 58 uiríoll a bhain le raon ceisteanna ó thaobh bhonneagair agus oibriú na n-iarnród trom agus éadrom de. Bhí sin cosúil leis an líon a fuarthas in 2015 (59). As measc na 58 uiríoll a fuarthas in 2016, bhain 43 uiríoll le bonneagar nó oibríochtaí iarnród Éireann, bhain 9 gceann le córas LUAS agus bhain an fuílleach le cúrsaí ginearálta ó thaobh reachtaíochta nó an líonra. Bhí líon beag de na h-uiríll seo ina n-údar buairimh agus, sna cásanna sin, ghníomhaigh an CRI láithreach chun a chinntiú go ndearna an eagraíocht iarnróid ábhartha na gníomhartha ceartaitheacha riachtanacha ina leith.

5 Reachtaíocht a Chomhchuibhiú le Treoracha & Rialacháin ón Eoraip

Tá ionadaíocht ag an CRI ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí Iarnróid (GEI agus oibríonn sé ar a choiste airgeadais. Lean an CRI ar aghaidh le bheith ag rannchuidiú go dearfach leis an bpróiseas leanúnach leis an gcreat rialála a fhorbairt do limistéar iarnróid aonair na hEorpa. Glacann baill foirne an CRI páirt ghníomhach i meithleacha agus i gcruinnithe comhairliúcháin lena bpléitear le measúnacht agus maoirseacht ar an tsábháilteacht, ceadúnú tiománaithe traenach, an clár náisiúnta feithicilí, agus comhthuaisceoireacht faoi tharlúintí.

Rinneadh ionadaíocht thar ceann an CRI ar gach ceann den trí chruinniú iomlánacha de chuid líonra na nÚdarás Náisiúnta Sábháilteachta, arna chomhordú ag an *EUAR*, agus ar chruinnithe Ghrúpa Idirchaidrimh Idirnáisiúnta na gCigirí Iarnróid Rialtais (*ILGGRI*) a réachtáladh san Aithin an 26^ú/27^ú Bealtaine 2016.

Tá freagracht ar an gCoiste um Idir-Inoibritheacht agus Shábháilteacht Iarnróid de Choimisiún na hEorpa as cur i ngníomh na dTreoracha ón Eoraip, a bhaineann leis an earnáil iarnróid, a chomhordú. Ghlac an CRI páirt mar an t-ionadaí náisiúnta ag gach ceann de na trí chruinniú ag an gCoiste sin in 2016. Ainmníodh an CRI freisin mar an comhlacht náisiúnta saineolach chun páirt a ghlacadh i ngrúpa shaineolaithe *DG-MOVE* maidir le colún teicniúil an cheathrú pacáiste iarnróid.

5.1 An Ceathrú Pacáiste Iarnróid

Tá an Coimisiún Eorpach tar éis a bheith gníomhach le hathstruchtúró mhargadh iompair iarnróid na hEorpa a chur chun cinn le riocht na n-iarnród a láidriú vis-à-vis modhanna eile iompair. Díríodh na hiarrachtaí ar thrí phríomhréimse a bhfuil iad ar fad iontach tábhachtach le hearnáil iarnróid iomaíoch láidir a fhorbairt: (1) an margadh iompair iarnróid a oscailt don iomaíocht, (2) idir-inoibritheacht agus sábháilteacht líonraí náisiúnta a fheabhsú agus (3) bonneagar iompair iarnróid a fhorbairt.

Tá an Ceathrú Pacáiste Iarnróid deartha leis na bacainní atá fós ann, roimh chruthú limistéir iarnróid aonair Eorpaigh, a bhaint amach; tá ceithre phríomhaidhm ag baint leis: Caighdeáin agus faomhuithe a oibríonn; struchtúr a sheachadann a ngealltar; margaí paisinéirí intíre a oscailt; agus fórsa oibre oilte iarnróid a choinneáil ar bun.

Tá idir an Treoir um Shábháilteacht Iarnróid agus an Treoir maidir le hIdir-Inoibritheacht athmhúnlaith; foilsíodh an Treoir (AE) 2016/797 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach agus an Treoir (AE) 2016/798 maidir le sábháilteacht iarnróid in Iris Oifigiúil an AE 25^ú Bealtaine 2016 agus chuaigh i bhfeidhm an 15^ú Meitheamh. Tabharfaidh Ballstáit na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin riachtanacha i bhfeidhm go gcomhlíonfar an céanna faoin 16^ú Meitheamh 2019 agus cuirfidh téacs na mbeart sin in iúl don Choimisiún Eorpach.

Tá Treoir 2012/34/AE, lena mbunaítear limistéar iarnróid aonair Eorpach, leasaithe le Treoir (AE) 2016/2370 maidir le hoscailt an mhargaidh le haghaidh seirbhísí iompair phaisinéirí ar an iarnród agus rialachais an bhonneagair iarnróid. Foilsíodh an Treoir seo an 23^ú Nollaig 2016 agus chuaigh sé i bhfeidhm an lá ina dhiaidh. Glacfaidh agus foilseoidh Ballstáit, faoin 25^ú Nollaig 2018, na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin riachtanacha go gcomhlíonfar an Treoir agus cuirfidh téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún Eorpach.

Lena chois sin, foilsíodh Rialachán (AE) 2016/796 maidir le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh, lena n-aisghairmtear Rialachán (CE) Uimh 881/2004, an 26^ú Bealtaine 2016. Tagann

Rialachán (AE) 2016/796 in ionad agus i gcomharbacht ar an nGníomhaireacht Eorpach Iarnróid a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh 881/2004.

Déanfaidh an Ghníomhaireacht nua sin, ón 16ú Meitheamh 2019 ar a dhéanaí (a) deimhnithe sábháilteachta aonair a eisiúint, a chur ar fionraí agus a leasú agus comhoibreoidh le húdaráis sábháilteachta náisiúnta ina leith sin; agus (b) eiseoidh údaruithe chun feithiclí iarnróid agus cineálacha feithiclí iarnróid a chur ar an margadh, agus beidh an Ghníomhaireacht nua cumhachtaithe chun údaruithe arna n-eisiúint aige a athnuachan, a leasú, a chur ar fionraí agus a aisghairm. Lena chois sin, seiceálfaidh an Ghníomhaireacht, roimh aon ghlaoch ar thairiscintí a bhaineann le trealamh CBTIE ar thaobh rianta, go mbeidh réitigh theicniúla ag comhlíonadh iomlán na Sonraíochtaí Teicniúla ábhartha don Idir-Inoibritheacht.

Cuireann an reachtaíocht athmhúnlaithe & leasaithe, athchóirithe struchtúrtha agus teicniúla i ngníomh, lena n-áirítear cúrsaí a bhaineann le rialachas Bainisteoirí Bonneagair agus ceanglais an chultúir shábháilteachta a thabhairt isteach sa chóras bainistíochta sábháilteachta. Ba cheart go mbeadh leibhéil sábháilteachta, idir-inoibritheachta agus intaofachta níos airde dá thoradh sa líonra iarnróid Eorpach dá bharr.

Comhoibreoidh an CRI le, agus soláthróidh tacaíocht don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le tagairt ar leith do ghnéithe teicniúla an phróisis leis na Treoracha a thrasuíomh isteach sa dlí náisiúnta, mar atá riachtanach leis an 4ú Pacáiste Iarnróid a chur i ngníomh.

5.2 Pointí a dTeagmhaíonn Bóithre agus Iarnróid le chéile

Tá na crosairí comhréidhe ar bhóithre ina n-áiteanna lena mbaineann riosca mór agus daoine den phobal agus an t-iarnród ag teagmháil le chéile, toisc gur ar úsáideoir an bhóthair a bhíonn an fhreagracht as an gcrosaire comhréidh a úsáid go sábháilte. Mar fhreagairt ar mholadh ón AITI in 2015, bhunaigh an CRI Tascfhórsa leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Iarnród Éireann chun treoracha arna bhfoilsiú ag an dá aonán a chomhchuiibriú maidir le húsáid sábháilte chrosairí comhréidhe. Tháinig deireadh le hobair an Tascfhórsa in 2016 nuair a táirgeadh leabhrán uasdátaithe cosúil le Rialacha na mBóithre maidir le húsáid sábháilte chrosairí comhréidhe. Sheol an Coimisinéir, Stiúrthóir BB-IÉ agus Stiúrthóir Bainistíochta an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre é le chéile ar Lá Idirnáisiúnta na Feasachta ar Chrosairí Comhréidhe, 10^ú Meitheamh 2016.

Reáchtáladh trí chruinniú den Mheitheal Sábháilteachta Iarnróid agus Bóthair i rith 2016, i mí Feabhra, Iúil agus na Samhna. Áirítear i measc bhaill na Meithle eagraíochtaí iarnróid, údaráis bhóithre, na Gardaí Síochána, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus tarlóirí bóthair. Tá an CRI ina chathaoirleach ar an Meitheal, rud lena n-éascaítear le faisnéis agus tuairimí a roinnt i measc bhaill na meithle maidir le saincheisteanna ó thaobh na sábháilteachta ag pointí a dteagmhaíonn bóithre agus iarnróid le chéile.

Ag an Siompóisiam Domhanda faoi Chrosairí Comhréidhe, a reáchtáladh in Heilsincí ón 12^ú go dtí an 16^ú Meitheamh 2016, chuir an CRI ábhar i láthair maidir leis na deacrachtaí a bhaineann le bheith ag cur ina luí ar úsáideoirí crosairí comhréidhe iarnróid gan foireann na geataí a dhúnadh agus a dhaingniú taréis a n-úsáide.

Cruthaíodh Grúpa *UNECE* na Saineolaithe ar Shábháilteacht ag Crosairí Comhréidhe de thoradh tionscnaimh ag Coiste Iompair Intíre *UNECE* agus a Mheithleacha ar Shábháilteacht ar Bhóithre, Iompar ar Bhóithre agus Iompar Iarnróid. Chuir sé tús lena chuid oibre i mí Eanáir 2014, agus is é a

chuspóir cur síos a dhéanamh ar na saincheistean sábháilteachta ag an gcomhéadain idir bóithre/iarnróid, iad a mheasúnú agus a thuiscint níos fearr, chomh maith le plean straitéiseach ildisciplíneach a fhorbairt lena ndíreofar ar an riosca báis agus gortaithe ag crosairí comhréidhe a laghdú. Ghlac an CRI páirt ghníomhach ann mar an t-ionadaí náisiúnta ag gach ceann de na trí chruinniú a reáchtáladh in 2016, agus bhí páirt mhór dhíreach ag an CRI san obair le tuairisc dheiridh Ghrúpa seo na Saineolaithe a tháirgeadh.

6 Feidhmeanna maidir leis an Margadh a Rialáil

Le Treoir 2012/34/AE, leagadh síos an limistéar iarnróid aonair Eorpach agus forordaítear na rialacha agus na nósanna imeachta lena rialaítear rochtain ar an margadh iarnróid. Trasuódh an Treoir seo sa dlí náisiúnta le I.R. Uimh.249 de 2015 agus sannadh trí fheidhm rialála don Choimisiún le héifeacht ón 12^ú Meitheamh 2015, mar atá, Comhlacht Monatóireachta Neamhspleách, Údarás Ceadúnúcháin agus Comhlacht Rialála. Déantar cur síos ar na gníomhaíochtaí rialála margaidh a rinneadh an CRI i rith 2016 sna fo-chodanna seo a leanas den Tuarascáil.

6.1 Comhlacht Monatóireachta Neamhspleách

De bhun fhoráil I.R. Uimh.249 de 2015, tugann an CRI faoi mhonatóireacht neamhspleách ar an gConradh Ilbhliantúil idir an tAire agus an Bainisteoir Bonneagair (ní leor an t-ioncam ón rochtain ar an líonra agus ar stáisiúin chun costais oibriúcháin agus chothabhála sheasta stáit an líonra a sheasamh). Leis an monatóireacht seo, tomhaiseann an CRI feidhmíocht Bhainisteoirí Bonneagair Iarnród Éireann (BB-IÉ) de réir roinnt critéar arna leagan amach sa chonradh, cosúil le feidhmíocht ó thaobh cúrsaí airgeadais, an bhail ar shócmhainní, nóiméid mhoille ab fhéidir a chur síos do BB-IÉ, cásanna ina ndeachthas thar theorainneacha na Sriantha Sealadacha ar Luas, agus seirbhísí traenach a cuireadh ar ceal. d’eisigh an CRI na tuairiscí seo a leanas in 2016:

- Tuairisc Mhonatóireachta Neamhspleáiche R4 2015
- Tuairisc Mhonatóireachta Neamhspleáiche Bhliantúil 2015
- Tuairisc Mhonatóireachta Neamhspleáiche R1 2016
- Tuairisc Mhonatóireachta Neamhspleáiche R2 2016
- Tuairisc Mhonatóireachta Neamhspleáiche R3 2016

Nóta: Eiseofar Tuairisc Monatóireachta Neamhspleáiche Bhliantúla agus R4 2016 i R1, 2017.

Níor síníodh eilimint 2016 de chonradh MAC (2014–18) go dtí an 13^ú Deireadh Fómhair 2016, agus chruthaigh sin neamhchinntacht maidir leis an imchlúdach airgeadais fhoriomláin a bheadh i gceist agus monatóireacht an CRI á déanamh. Lena chois sin, ní thagann easpa sin na cinnteachta airgeadais do BB-IÉ lena bhfuil i gceist le Treoir 2012/34, go háirithe Alt 3. Tabharfar ceanglais rialachais bhreise isteach freisin leis an leasú ar Threoir 2016/2370 le héifeacht ó Nollaig 2018.

6.2 Údarás Ceadúnúcháin

Ní dhearna Gnóthais Iarnróid aon iarratais ar cheadúnais oibriúcháin in 2016.

6.3 Comhlacht Rialála

I mí Eanáir 2016, d'éisigh an CRI dearbhú faoi chinneadh BB-IÉ srian a chur le fad na traenach ag RPS/ a bheadh ag feidhmiú idir Stáisiún na bPiarsach agus na Clocha Liatha i mí na Samhna agus na Nollag 2015.



7 Rialachas Corparáideach agus Riarachán

Déanann an rialachas corparáideach na córais agus nósanna imeachta lena ndéantar fiontair a stiúradh agus a rialú. Maidir leis sin, ghlac agus comhlíonann an CRI an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, faoi mar atá foilsithe ag an Roinn Airgeadais. Uasdátaíodh an Cód Cleachtais i mí Mheán Fómhair 2016, agus tá bearta á gcur i ngníomh ag an CRI len chinntiú go gcomhlíonfar na ceangalais athbhreithnithe.

7.1 Cúrsaí Airgeadais

Tagann cuid den mhaoiniúchán don Choimisiún ó Thobhach Sábháilteachta a chuirtear ar na heagraíochtaí iarnróid éagsúla agus cuid ó Dheontas ón Státchiste. Ba é €0.42m an Deontas in 2016.

Bhain an CRI leas in 2008 as foráil alt 26(1) den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005. Déantar rialacháin go bliantúil chun Tobhach Sábháilteachta a fhorchur ar gach eagraíochta iarnróid, agus tá na Rialacháin i gcomhair 2016 in Ionstraim Reachtúil Uimh. 122 de 2016. Tá feidhmiú an mhaoiniúcháin ag an gCoimisiún léirithe thíos:

	2015 (€milliún)	2016 (€milliún)
Buiséad	1.96	2.01
Deontas Státchiste	0.42	0.42
Riachtanas le Tobhach	1.54	1.59
Costais oibriúcháin	2.10	1.90*
Barrachas	(0.14)	0.11*

* Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste cuntais i gcomhair 2016 a iniúchadh

7.2 Ráiteas faoin gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Aithníonn an CRI go bhfuil sé d'fhreagracht air a chinntiú go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais agus go gcoinnítear an córas sin ar bun. Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú absalóideach a sholáthar go mbíonn sócmhainní á gcaomhnú, idirbhearta

á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go mbíonn earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha á gcosc nó go mbrathfaí iad i dtréimhse tráthúil. Próiseas leanúnach is ea an obair le córas na rialuithe inmheánacha ar chúrsaí airgeadais a choinneáil ar bun agus déantar léirmheas go leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

7.2.1 Próisis maidir le Cúrsaí Airgeadais a Rialú

Faoi dheireadh 2016, bhí aon bhliain déag iomlána curtha i gcrích ag an gCoimisiún ón uair a bunaíodh é. Bíonn próisis agus nósanna imeachta á n-athbhreithniú agus á bhfeabhsú go leanúnach lena chinntiú go rialaítear cúrsaí airgeadais inmheánacha go láidir. Tá roinnt beart sainaitheanta chun cabhrú linn é sin a chinntiú agus táthar tar éis céimeanna a ghlacadh chun na bearta sin a neadú san eagraíocht:

- Freagrachtaí bainisteoirí a shainmhíniú go soiléir;
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus sócmhainní an CRI a chosaint;
- Na prionsabail a ghlacadh maidir leis an rialachas corparáideach atá sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit; agus
- Ceanglais na hIníúcháireachta Inmheánaigh a chomhlíonadh ó thaobh comhairle a thabhairt don Choimisiún maidir lena fhreagrachtaí don chóras um rialú inmheánach airgeadais a chomhlíonadh.

Dearbhaíonn an CRI go mbíonn gach nós imeachta cuí don tuairisceoireacht airgeadais, iniúcháireacht inmheánach, soláthar agus diúscairt sócmhainní á ndéanamh.

7.2.2 Dualgais Chánach a Chomhlíonadh

Tá a chuid oibleagáidí cánach á gcomhlíonadh ag an gCoimisiún.

7.2.3 Taisteal agus speansais

Comhlíonann an CRI gach ciorclán ábhartha ón Roinn Airgeadais / Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe maidir le speansais taistil, chothaithe agus speansais ghaolmhara.

7.3 Tiomantas don Ghaeilge

Tá an CRI tiomanta do na codanna ábhartha d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chur i ngníomh. Tá comharthaíocht agus stáiseanáireacht an CRI i nGaeilge agus Béarla araon faoi láthair.

7.4 Saoráil Faisnéise

Áiríodh an CRI i measc na n-eagraíochtaí a liostaíodh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 agus tá sé tiomanta do bheith ag déanamh de réir phrionsabail an Achta seo.

7.5 Chairt Chustaiméirí

Tugadh an Chairt Chustaiméirí cothrom le data in 2013 agus tá sé ar fáil ar shuíomh idirlín an CRI. Cuirtear síos sa Chairt seo ar an leibhéal seirbhíse gur féidir le custaiméir a bheith ag súil leis ón gCoimisiún.

7.6 Bainistíocht Rioscaí

Tá córas bainistíochta rioscaí i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun súil a choinneáil ar rioscaí buntábhachtacha dá ghnó. Tá seo faoi athbhreithniú faoi láthair i bhfianaise an Chóid Chleachtas aithbhreithnithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus córas bainistíochta cáilíochta an CRI a bheith á chur i ngníomh.

7.7 Cód um Eitic agus Iompar Gnó

Tá Cód um Eitic agus Iompar Gnó i bhfeidhm don Choimisinéir agus do bhaill foirne uile an CRI agus táthar ag cloí leis. Rinneadh athbhreithniú ar Chód an CRI in 2016 agus fuair, agus shínigh, gach fostaí cóip den athbhreithniú céanna.

7.8 Ráiteas Straitéise 2015-2017

Tháirg an CRI an 4^ú Ráiteas Straitéise dá chuid i rith 2015. Is í an cháipéis seo an Ráiteas Straitéise de chuid an CRI, a tháirgtear gach trí bliana, do na blianta ó 2015 to 2017. Is é cuspóir na cáipéise go gcuirfear tuiscint shoiléir i láthair na bainisteoireachta, na foirne, páirtithe leasmhara agus an phobail ar an treoir straitéiseach atá á glacadh ag an gCoimisiún chun a chuid dualgas reachtúil a chomhlíonadh agus a chuspóirí ó thaobh cúrsaí gnó a bhaint amach.

7.9 Suíomh Idirlín

Coinníonn an CRI suíomh idirlín gníomhach ar bun ag www.crr.ie

8 Ag Breathnú Amach Romhainn

Is iad seo a leanas na réimsí taisc a áireoidh an CRI mar chinn ar a ndíreofar aird ar leith agus é ag leanúint ar aghaidh lena fhreagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh i rith 2017:

- Feidhmeanna maoirseachta a fheidhmiú de réir Reachtanna agus Rialachán go mbeidh dearbhú ann i gcónaí go gcomhlíonann eagraíochtaí iarnróid a gcuid oibleagáidí dlíthiúla maidir lena gCórais Bhainistíochta Sábháilteachta faoi seach a fheidhmiú agus maidir le héifeachtacht na gcóras sin
- Monatóireacht a dhéanamh ar mar a chuireann eagraíochtaí iarnróid moltaí an CRI agus ón AITI i ngníomh – moltaí atá dírithe ar an tsábháilteacht iarnróid a fheabhsú, agus bearta forfheidhmiúcháin a fheidhmiú i gcásanna riachtanacha lena chinntiú go gcomhlíonfar iad
- Idirghníomhaíocht leanúnach le gnó Ghnóthas Iarnróid de chuid Iarnród Éireann chun deimhniú Aonán i gCeannas ar an gCothabháil (*ECM*) a chur i ngníomh de réir a chéile le haghaidh na bhflíteanna gluaisteoirí agus paisinéirí ar fad
- Idirghníomhaíocht leanúnach le gnó Bhainisteoir Bonneagair Iarnród Éireann i leith beartais Náisiúnta Chosanta Traenacha; údarú na sábháilteachta do chóras raidió traenach *GSM-R* agus do chóras cosanta traenach *IEHS*, de réir mar is cuí
- Idighníomhaíocht leanúnach le Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) maidir le measúnacht sábháilteachta ar na hoibreacha nua a bhaineann le síneadh Traschathrach LUAS go gcuirfear tús le hoibríochtaí i mí na Nollag 2017 mar atá pleanáilte.
- Monatóireacht leanúnach ar mar a chomhlíonann Iarnród Éireann ceanglais Threoir 2012/24/AE i ndáil leis an Limistéar Iarnróid Eorpach aonair
- Comhoibriú agus tacaíocht theicniúil leanúnach don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le tagairt ar leith don 4^ú Pacáiste Eorpach Iarnróid a chur i ngníomh

Beidh cuspóir ghníomhaíochtaí an CRI i rith 2017 de réir a thiomantais le sábháilteacht na n-iarnróid a thabhairt ar aghaidh, rochtain chothrom ar bhonneagar Iarnród Éireann a chinntiú, agus monatóireacht a dhéanamh ar inbhuanaitheacht an bhonneagair iarnróid in Éirinn.